O'Dea Jim [Costais Leathanbhanda Ean - Noll 2013. Cuireadh deireadh le billeáil scoilte ar an 05/06/2013] [Cuireann an Clr isteach a bhillí féin anois - an tsuim don leathanbhanda an praghas céanna - €25.40 sa mhí íoctha]	€ 318.74	€ 159.37	€ 159.37
O'Keeffe Gearóid (Áirítear leis an tsuim don Taisteal agus don Chothabháil as freastal ar Chomhdhála in 2013 an tsuim a bhain le 5 Chomhdháil ar a ndearna sé freastal in 2012 (€1775.67). Tá sí seo san áireamh sa tábla chun íocaíocht as comhdhála ar a ndearna sé freastal go dtí deireadh 2013 a thaispeáint)	€ 282.70	€ 141.35	€ 141.35
Pierce, Donna (Comhthofa an gú Meán Fómhair 2013)	€ 90.74	€ 45.37	€ 45.37
Richmond Neale	€541.16	€270.58	€270.58
Saul Barry *An Leas-Chathaoirleach* Meitheamh 2013 - Meitheamh 2014 (íoctha ón 14ú Meitheamh - 31ú Noll 2013)	€345.17	€172.58	€172.59
Smyth Carrie *An Cathaoirleach* Meitheamh 2013 - Meitheamh 2014 (íoctha ón 14ú Meitheamh - 31ú Noll 2013)	€230.93	€115.46	€115.47
Stewart Patricia	€622.25	€311.12	€311.13
Tallon Grace	€655.03	€327.51	€327.52
Ward Barry [Costais Leathanbhanda Ean - Noll 2013] [Cuireann an Clr a bhillí féin isteach - ba €27 an tsuim don leathanbhanda suas go dtí Bealtaine 2013 agus ó Mheitheamh - Noll 2013 bhí an praghas ardaithe go dtí €30 sa mhí]	€1,215.59	€615.59	€600.00
<b>IOMLÁIN</b>	<b>€10,438.27</b>	<b>€5,226.86</b>	<b>€5,211.41</b>

## Mínte Thíos:

Billí Fóin Phóca 2013 - De réir mar atá tugtha síos sa chiorclán LG 33/06, íocann an Chomhairle a leath de bhillí fóin phóca gach Comhairleora go huasmhéid 600.00 Euro in aghaidh na bliana; is é nó í an Comhairleoir a íocann gach euro os a chionn sin. e.g. más ionann bille bliantúil Comhairleora agus 1,500.00 Euro, íocann an Chomhairle 600 Euro agus íocann an Clr 900 Euro. Bhí leas á bhaint ag 26 Chomhairleoir as soláthraí fóin phóca a bhí roghnaithe ag an gComhairle; d'íoc an Chomhairle bille fóin phóca an 26 Chomhairleoir agus bhain sí an tsuim as íocaíochtaí Chruinnithe na gComhairleoirí. Ba sholáthraithe fóin phóca difriúla a bhí ag an gClr Patricia Stewart agus ag an gClr Barry Ward agus dá bhri sin is é gur sheol siadsan a mbillí isteach. D'íoc an Chomhairle suas go dtí an t-uasmhéid ~50 sa mhí leo, ach níor bhain sí airgead de na Comhairleoirí seo, mar bhíodar ag íoc a mbillí fóin phóca féin

Íocaíochtaí Leathanbhanda 2013 - Féadann na Comhairleoirí leas a bhaint as billí a scoilt leis an gComhairle, trína n-íocann an Chomhairle suas go dtí an t-uasmhéid €30.49 sa mhí leis an soláthraí roghnaithe. Baineann 9 Comhairleoirí leas as billeáil scoilte faoi láthair. Bhain 12 Comhairleoirí leas as billeáil scoilte in 2013. Níl leas á bhaint ag 3 Comhairleoirí den 12 Comhairleoirí sin as an mbilleáil scoilte in aon chor anois agus mar sin ní mór dóibh a mbillí leathanbhanda féin a sheoladh isteach. Baineann 13 Chlr leas as soláthraithe leathanbhanda difriúla i láthair na huaire - bhí 6 Clr den 13 Chlr nár sheol isteach a mbillí leathanbhanda. Sheol 7 Comhairleoirí isteach a mbillí leathanbhanda agus íocadh suas go dtí an t-uasmhéid €30.49 sa mhí leo. Is ann do 6 Comhairleoirí nach bhfaigheann aon íocaíocht i leith a gcostais leathanbhanda.



ÍOCAÍOCHTAÍ COMHAIRLEORA 2013 €	Costas Taistil agus Cothabhála as freastal ar Chruinnithe do 2013 de réir an Chiorcláin LG 33/06 (Asbhaintí Billí Fóin Phóca san áireamh) (Féach an míniú ar Bhillí Fóin Phóca 2013 thíos)	Tuarastal 2013 - De réir an chiorcláin LG 26/09	An Cathaoirleach/An Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach an Bhoird Forbartha Contae	Liúntas Cairr an Chathaoirigh do 2013
McCarthy Lettie [Liúntas Leathanbhanda Ean - Samh 2013] [Cuireann an Clr a billí féin isteach - an t-uasmhéid €30.49 sa mhí iochta]	€6,256.87	€16,644.54		
Murphy Tom	€6,208.99	€16,644.54		
O'Callaghan Denis [Liúntas Cathaoirigh CBS]	€6,310.57	€16,644.54		
O'Dea Jim [Costais Leathanbhanda Ean - Noll 2013. Cuireadh deireadh le billeáil scoilte ar an 05/06/2013] [Cuireann an Clr isteach a bhíllí féin anois - an tsuim don leathanbhanda an praghas céanna - €25.40 sa mhí iochta]	€6,292.00	€16,644.54		
O'Keeffe Gearóid (Áirítear leis an tsuim don Taisteal agus don Chotheabháil as freastal ar Chomhdhála in 2013 an tsuim a bhain le 5 Chomhdháil ar a ndearna sé freastal in 2012 (€1775.67). Tá sí seo san áireamh sa tábla chun íocaíocht as comhdhála ar a ndearna sé freastal go dtí deireadh 2013 a thaispeáint)	€2,403.29	€16,144.23		
Pierce, Donna (Comhthofa an gú Meán Fómhair 2013)	€2,081.00	€5,153.57		
Richmond Neale	€6,159.30	€16,644.54		
Saul Barry *An Leas-Chathaoirleach* Meitheamh 2013 - Meitheamh 2014 (íochta ón 14ú Meitheamh - 31ú Noll 2013)	€5,991.04	€16,644.54	€4,035.08	
Smyth Carrie *An Cathaoirleach* Meitheamh 2013 - Meitheamh 2014 (íochta ón 14ú Meitheamh - 31ú Noll 2013)	€6,283.43	€16,644.54	€16,164.62	€4,041.24
Stewart Patricia	€6,391.42	€16,644.54		
Tallon Grace	€5,646.63	€16,644.54		
Ward Barry [Costais Leathanbhanda Ean - Noll 2013] [Cuireann an Clr a bhíllí féin isteach - ba €27 an tsuim don leathanbhanda suas go dtí Bealtaine 2013 agus ó Mheitheamh - Noll 2013 bhí an praghas ardaithe go dtí €30 sa mhí]	€5,819.98	€16,644.54		
IOMLÁIN	€165,888.89	€464,911.52	€41,979.06	€7,258.15

ÍOCAÍOCHTAÍ COMHAIRLEORA 2013 €	Costas Taisití agus Góthabhála as freastal ar Chomhdhálaíochta do 2013 - De réir na gíorcláin LG 33/06 agus LG 02/10	Táilí Comhdhála 2013 - De réir an chiorcláin LG 02/10	Costas Taisití agus Góthabhála Measta as freastal ar Chomhdhálaíochta do 2013 - Níl éilíthe fós	Liúntas CBS 2014 do Chathaoirigh amháin - De réir an chiorcláin LG 33/06	Costais Leathanbhanda 2013 (Geadaithe suas go huasmhéid €30.49 sa mhí) (Féach míniú thíos)	MÉID IOMLÁN ÍOCHTA LEIS AN GCOMHAIRLEOIR IN 2013
McCarthy Lettie [Liúntas Leathanbhanda Ean - Samh 2013] [Cuireann an Clr a billí féin isteach - an t-uasmhéid €30.49 sa mhí íochta]	€0.00	€178.35			€335.39	€23,644.67
Murphy Tom	€582.32	€100.00				€23,732.29
O'Callaghan Denis [Liúntas Cathaoirigh CBS]	€462.96	€330.00		€6,000.00	€365.88	€30,202.18
O'Dea Jim [Costais Leathanbhanda Ean - Noll 2013. Cuireadh deireadh le billeáil scoilte ar an 05/06/2013] [Cuireann an Clr isteach a bhíllí féin anois - an tsuim don leathanbhanda an praghas céanna - €25.40 sa mhí íochta]	€432.57	€300.00			€304.80	€24,133.28
O'Keeffe Gearóid (Áirítear leis an tsuim don Taisteal agus don Chothabháil as freastal ar Chomhdhálaíochta in 2013 an tsuim a bhain le 5 Chomhdháil ar a ndearna sé freastal in 2012 (€1775.67). Tá sí seo san áireamh sa tábla chun íocaíocht as comhdhálaíochta ar a ndearna sé freastal go dtí deireadh 2013 a thaispeáint)	€4,278.82	€935.00				€23,902.69
Pierce, Donna (Comhthofa an gú Meán Fómhair 2013)						€7,279.94
Richmond Neale	€301.07	€150.00				€23,525.49
Saul Barry *An Leas-Chathaoirleach* Meitheamh 2013 - Meitheamh 2014 (Íochta ón 14ú Meitheamh - 31ú Noll 2013)	€1,881.76	€450.00				€29,175.01
Smyth Carrie *An Cathaoirleach* Meitheamh 2013 - Meitheamh 2014 (Íochta ón 14ú Meitheamh - 31ú Noll 2013)	€0.00	€159.75			€365.88	€43,774.93
Stewart Patricia	€0.00	€159.75			€365.88	€23,872.72
Tallon Grace						€22,618.69
Ward Barry [Costais Leathanbhanda Ean - Noll 2013] [Cuireann an Clr a bhíllí féin isteach - ba €27 an tsuim don leathanbhanda suas go dtí Bealtaine 2013 agus ó Mheitheamh - Noll 2013 bhí an praghas ardaithe go dtí €30 sa mhí]	€371.50	€130.00			€345.00	€23,911.02
IOMLÁN	€23,237.26	€10,428.80	€2,624.51	€30,000.00	€6,074.98	€757,614.58

# An Rannóg Ailtireachta agus Cultúir

Is iad Ailtirí, Leabharlanna agus Na hEalaíona na Rannáin atá sa Rannóg Ailtireachta agus Cultúir.

## An Rannóg Ailtirí

Soláthraíonn an Rannóg Ailtirí raon leathan seirbhísí a bhaineann le réimse na tógála sna catagóirí seo a leanas:

- (a) Tithíocht
- (b) Dearadh Uirbeach agus an Fearann Poiblí
- (c) Foirgnimh Chathartha
- (d) Caomhnú na hOidhreachta Tógtha
- (e) Déanmhais/Áiteanna Contúirteacha
- (f) Bainistíocht Fuinnimh
- (g) Ilghnéitheach

### Tithíocht

Leanadh den Chlár Tithíochta, i gcomhar leis an Rannóg Tithíochta in 2013. Áiríodh dearadh le haghaidh méaduithe agus

líon áirithe d'oibreacha feabhsúcháin a bhain le Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) a rinneadh i dteaghaisí folmha a bhí tugtha ar ais le haghaidh athlín leis an obair a bhain leis an réimse tithíochta a rinne an Rannóg Ailtirí.

Ullmhaíodh an dearadh le haghaidh 4 theach dhá sheomra codlata tadhlaigh le Teach Chluain Tiobrad chun é a thabhairt chomh fada le Cuid 8 in 2014.

Chríochnaigh an Rannán Mionoibreacha sa Rannóg Ailtirí an t-uasghrádú freisin ar 36 sheomra folctha agus ar cheithre mhéadú faoin Scéim Deontais do Dhaoine Míchumasaithe.

Leanadh den chlár oibre don Chothabháil Bheartaithe in 2013.

Rinneadh oibreacha móra athchóirithe agus gnáthfheabhsúcháin ar Ardán Bhaile an Róistigh, An Naigín, agus tá 12 sháraonad cóiríochta aon seomra leaba ar fáil ann do chónaitheoirí atá ag dul amach sna blianta. Rinneadh an obair

**Thíos:** Foscadh do Shnámhóirí, Cuan Chuas an Ghainimh



ullmhúcháin ar na dearáí mionsonraithe don dara cuid agus táthar ag súil go dtosófar ar an obair ar an suíomh in 2014.

Leanadh den chlár cigireachta ar bhonn spotseiceála ar chóiríocht phríobháideach ar cíos i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is é cuspóir an chlár seo a chinntiú go gcomhlíonann an chóiríocht phríobháideach go léir atá ligthe ar cíos na caighdeáin iomchuí mar atá leagtha amach sna rialacháin reachtúla.

### Dearadh Uirbeach agus an Fearann Poiblí

Tá an Rannóg Ailtirí fós ag leanúint ar aghaidh lena hionchur suntasach sa dearadh uirbeach agus lena comhairle i dtaca le saincheistanna bainteach leis an bhfearann poiblí agus le pleanáil i ngníomhaíochtaí na Comhairle.

Soláthraíodh ionchur mionsonraithe le haghaidh Phlean Limistéir Áitiúil na Carraige Duibhe agus le haghaidh Phlean Limistéir Áitiúil Dhún Laoghaire. Críochnaíodh oibreacha nua taobh amuigh de Stáisiún Dart Dhún Laoghaire ar mhaithe le coisithe agus san am céanna cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin ar na dearáí mionsonraithe le haghaidh chuid a dó de Thionscadal na Ráillí a bhfuil gradam bainte amach aige; táthar ag súil leis an obair a bheith críochnaithe in 2014. Rinneadh dul chun cinn ar dhearáí d’oibreacha breise feadh Bhóthar na Mara i nDún Laoghaire chun na bealaí idir Lár an Bhaile agus Taobh na Farraige a neartú.

Críochnaíodh foscadh snámhóirí nua le hais Chuan Chuas an Ghainimh. Tá sé suite i gcúlra ard-íogair ach beidh fáilte ag snámhóirí roimhe mar áis feistis. Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh Chuid 1 do na Folcadáin i nDún Laoghaire, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí maidir leis an iarratas ar cheadúnas urthrá. Nuair a bheidh an tionscadal seo críochnaithe beidh cuma na bhFolcadán feabhsaithe go mór agus cuirfidh sé le hathnuachan leanúnach an Bhaile.

### Foirgnimh Chathartha

Osclaíodh an tlosta nua i mBaile Uí Ógáin in 2012 agus is saoráid chomhtháite í anois le haghaidh seirbhísí de chuid na Comhairle. Foirgneamh trí stór atá ann ina bhfuil oifigí mar aon le stór fónais faoi sholas High Bay agus clóis choimhdeacha leis agus dá bharr tá an timpeallacht oibre atá ann thar cionn don fhoireann. Fuair an tionscadal ardmholadh faoin teideal ‘An Foirgneamh Poiblí is Fearr’ agus an ‘An Tionscadal Inbhuanaithe is Fearr’ ag bronnadh gradam Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann 2013.

Cuireadh tús leis an athchóiriú ar aghaidh sheachtrach Halla an Bhaile i mí Mheán Fómhair agus beidh sé críochnaithe go luath in 2014.

Áiríodh an t-athchóiriú ar Leabharlann Dheilgine a bheith críochnaithe, mar aon leis an ngairdín nua lena hais, leis na tionscadail leabharlaine agus rinneadh mionoibreacha eile i Leabharlanna Dhún Droma, Dhún Laoghaire agus Sheanchille. Rinneadh athchóiriú ollmhór ar an leabharlann i nGráinseach an Déin agus críochnaíodh é i lár na bliana 2013.

Leanadh den tseirbhís chomhairleach i ndáil le réimse leathan foirgneamh cathartha agus rinneadh líon áirithe tionscadal don Rannóg Comhshaoil sa bhliain 2013.

Tosaíodh ar an obair ar chaifé nua agus ar shaoráidí sláintíochta san fhoirgneamh a bhíodh ann d’fhoireann reilige Ghráinseach an Déin. Cuirfear tús le tuilleadh oibreacha ar na geataí isteach agus ar athdhromchlú an bhóthair go luath in 2014.

I bPáirc Mharlaí, críochnaíodh Cuid I de Chlós Chúirt Mharlaí agus ullmhaíodh doiciméid tairisceana faoi Chuid II le haghaidh an Chlóis agus beidh siad le ligean amach le haghaidh tairisceana in 2014. Cuireadh tús leis an obair ar an suíomh ar Phaillíún Gailf nua agus osclófar é in 2014. Tosaíodh ar an athchóiriú ar Laurelmere (Tamplins) i bPáirc Mharlaí.

Críochnaíodh an obair athchóirithe agus dheisiúcháin ar Chaisleán agus Halla Bhaile Deilgine agus is fónas poiblí anois é a theastaigh go géar agus a chuireann le gníomhaíochtaí Ionad Oidhreachta Dheilgine.

Ullmhaíodh Cuid 8 le haghaidh Theach Pháirc Uí Mhóráin, a bheidh le hoscailt ina Ghailearáí Dearáí in 2014 mar chuid den ollionad nua, an Lárleabharlann agus Ionad Cultúir, a bheidh á bhainistiú ag rannán Fiontar na Comhairle.

### Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

Cuireann an Rannán Caomhantais Cuid IV (Oidhrecht Ailtireachta) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 i ngníomh agus bíonn comhairle ar fáil uaidh ag an bpobal agus ag a ngníomhairí ar ghnéithe uile na hOidhreachta Tógtha.

Bíonn ionchur agus comhairle le fáil ón Rannán i gcónaí i dtaobh saincheistanna bainteach leis an oidhrecht thógtha a bhíonn ag na Rannóga sa Chomhairle agus bhí ionchur suntasach aige i nDréachtphlean Limistéir Áitiúil na Carraige Duibhe, i gcaitheamh 2013.

Leanadh leis an obair ar an measúnacht ar na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta is Iarrthóirí ag éirí as an bPlean Forbartha Contae 2010 – 2016. I gcaitheamh 2013 glacadh 2 LCA eile mar Athruithe ar an bPlean Forbartha Contae agus críochnaíodh an obair ar 4 limistéar eile a chuirfear faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh go luath in 2014.

Bhí ról lárnach ag an Rannán Caomhantais maidir le hullmhú sheasamh na Comhairle i dtaca leis an Scéim Pleanála do Chríos Forbartha Straitéisí Choill na Silíní agus ghlac sé páirt san Éisteacht ó Bhéal a mhair 4 seachtaine in 2013.

### Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha

Cuireann an Rannóg an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) i ndáil le Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha i ngníomh. Ba 79 gcás iomlán na gcásanna a bhain le Foirgnimh Chontúirteacha in 2013.

### Bainistíocht Fuinnimh

Is é an tAiltire Contae atá i gceannas ar Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle agus tá tuarascáil ag gabháil leis na hAguisíní ina dtugtar breac-chuntas ar na gníomhartha a rinneadh an bhliain seo caite chun bheith níos tiosaí ar fhuinneamh sna réimsí as a bhfuil an Chomhairle freagrach.

Chuidigh deontais ÚFIÉ le líon áirithe tionscadal spárála fuinnimh a chríochnú lena n-áirítear díon nua inslithe a chur ar Leabharlanna Dheilgine agus Stigh Lorgan, insliú agus

soilsiú LED sa Charrchlós i Halla an Chontae, córais teasa nua in dhá fhoirgneamh atá ag Pobal, suiteáil radaitheoirí den seandéanamh, caidéal chun teas a thógáil as an aer agus coirí nua i dTeach Chábán tSíle i bPáirc Chábán tSíle. Athchóiríodh na fuinneoga freisin i dTeach Chábán tSíle mar chuid den obair seo. Shuiteáil an Rannán Soilsithe Phoiblí soilsiú LED ar Bhóthar Wyattville.

### Ilghnéitheach

Lean an Rannóg Ailtirí uirthi sa bhliain 2013 ag soláthar seirbhíse comhairlí maidir le raon leathan gníomhaíochtaí amhail suirbhéireacht chainníochta, soláthar, comhairle theicniúil, tuarascálacha ar bhainistíocht foirgneamh agus ar bhail foirgneamh, mar aon le comhairle a thabhairt i ndáil le gníomhaíochtaí bainteach leis na hEalaíona.

Ba í an Rannóg a chistigh an Teach Oscailte do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ar dheireadh seachtaine an Tí Oscailte i nDeireadh Fómhair 2012, mar a raibh deis ag an bpobal cuairt a thabhairt ar thithe príobháideacha deartha ag ailtirí, agus ar fhoirgnimh stairiúla agus ar fhoirgnimh nua is díol suntais agus chuir na cuairteoirí spéis ar leith san ionad cóireála dramhuisce nua i Seangánach.

### Leabharlanna

Sa bhliain 2013 bhí dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí ar an obair thógála ar an Lárleabharlann agus Ionad Cultúir nua i nDún Laoghaire agus ar an athchóiriú ar Leabharlann na Carraige Duibhe i Halla an Bhaile ar an gCarraig Dhubh. Tá an obair ar an dá leabharlann de réir sceidil agus beifear á n-oscailt in 2014.

Athosclaíodh Leabharlann Ghráinseach an Déin ar an 15 Iúil; bhí sí dúnta ar feadh bliana tar éis obair mhór athchóirithe a bheith déanta uirthi. Méadaíodh an foirgneamh agus rinneadh athchóiriú as an nua ar an taobh istigh. Áirítear an méid seo leis na háiseanna - seirbhís idirlín fheabhsaithe agus áiseanna féinseirbhíse, fótachóipeálaí daite, dhá leithreas poiblí nua, áiteanna suite nua atá compordach agus sár-réimse stoic nua. Rinneadh athdhreachú ar an bplás amuigh agus socraíodh soithí plandaí agus suíocháin taobh amuigh.

Feabhsaíodh na háiseanna don phobal i Leabharlann Sheanchille san fhómhar mar cuireadh leithreas poiblí nua isteach ann agus cuireadh cóta nua péinte air.

Tosaíodh ar an gcóras féinseirbhíse i Leabharlann Chábán tSíle i Lúnasa. Tá córas féinseirbhíse i ngach aon cheann de bhrainsí DLR anois cé is moite de Leabharlann na Carraige Duibhe atá le bheith beo in 2014.

Seoladh leagan Gaeilge agus leagan Béarla den suíomh gréasáin nua atá ag Leabharlanna dlr agus tá beagnach 2 mhilliún amas buailte air cheana.

D'fhreastail os cionn 19,000 duine ar imeachtaí a bhí eagraithe ag Leabharlanna dlr i rith na bliana. D'éirigh go seoigh arís in 2013 le Glórtha Leabharlann dlr a bhfuil sé shéasúr curtha díobh acu anois. Díoladh amach na ticéid d'imeachtaí go leor ag a raibh údair agus daoine iomráiteacha amhail Kate Atkinson, Douglas Kennedy, Ruby Wax, Jo Nesbo agus Donna Tartt.

Den chéad uair sa bhliain 2013 bhí Leabharlanna dlr páirteach san Fhéile, Cathair Amháin, Leabhar Amháin le Leabharlanna Poiblí Bhaile Átha Cliath - sraith imeachtaí ar éirigh go han-mhaith leo agus a bhí bunaithe ar Strumpet City le James Plunkett.

**Thíos:** Leabharlann Ghráinseach an Déin



Mar is iondúil is iad na leabhair agus sástacht an léitheora bun agus barr na seirbhíse leabharlainne. Tógadh os cionn 1.4 milliún ní amach ar iasacht sa bhliain 2013. Bhí ardú mór 32% ar an íoslódáil dhigiteach agus ardú mór eile 48% ar iasachtaí ríomhleabhar.

## Na hEalaíona

In 2013, lean Oifig Ealaíon dlr ar aghaidh le cur i ngníomh an bheartais ealaíon 'Ag Leanúint leis an gComhrá, Beartas Forbartha Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2011-14'.

Bhunaigh an Oifig Ealaíon i gcomhar le FSS agus le tionscadal Stigh Lorgan/Na Carraige Duibhe - Ag Déanamh go Maith leis an Nealtrú - "Cuimhní Ceolmhara", treoirhionscadal córúil do dhaoine faoi néaltrú. Bíonn na seisiúin amhránaíochta sheachtainiúla ar siúl i Leabharlann Ghráinseach an Déin agus i gClochar San Raiféala, Stigh Lorgan. Daoine faoi néaltrú, daoine muinteartha agus cairde leo a bhíonn ann agus bíonn siad faoi stiúir chórstiúrthóra oilte.

Tugann "Cuimhní Ceolmhara" an deis do dhaoine inár bpobal a bhíonn scoite amach de ghnáth, b'fhéidir, a bheith páirteach i saol cultúrtha an Chontae. Cabhraíonn an amhránaíocht agus an ghníomhaíocht chóruil leo giúmar níos fearr a bheith orthu, meascadh níos mó le daoine eile agus spreagann siad an chognaíocht.

Thug os cionn 26,000 duine cuairt ar The Grainstore, Saoráid Ealaíon Óige dlr. Leanadh ar aghaidh leis na tionscadail Scannán, Ceoil agus Amharcealaíon, ach cuireadh tús freisin le

**Thíos:** Clár na Féile, Ó Bheanna go Muir



Tionscadal Sorcais ina raibh Seirbhísí Óige an Naigín, Bhaile Uí Lachnáin agus an Bhaile Bhric páirteach agus as a dheireadh bhí carnabhal ann i mí na Nollag agus freastal maith air ó dhaoine óga agus óna muintir. Tá an teicneolaíocht nua á háireamh fós i measc na dtionscadal agus bunaíodh The Grainstore Coderdojo i mí Dheireadh Fómhair 2013 chun codú a mhúineadh do leanaí trí chlár chruthaitheacha amhail Scratch.

Is é an cuspóir atá leis na Deontais Rochtana ar na hEalaíona cabhair airgid a sholáthar chun díriú ar na limistéir is mó atá ina call tar éis bearna a bheith aitheanta i soláthar an tsloinnidh ealaíonta i bpobail. In 2013, d'éirigh le 17 dtionscadal a bhí ag grúpaí óige agus pobail áitiúla a thugann tacaíocht do dhaoine scothaosta deontas a fháil. Bhí ó cheachtanna ar an bhfeadóg stáin do ghrúpa fear i nGleann Cuilinn go seisiúin damhsa chomhaimseartha do dhaoine óga i Seirbhís Óige Dhún Droma-Ráth an Dúin le háireamh i réimse na dtionscadal seo.

Tugann scéim na nDeontas Ealaíon cabhair airgid d'ealaíontóirí aonair, do ghrúpaí ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí na n-ealaíon a bhíonn gafa le tionscadail nó le himeachtaí ealaíon go háitiúil nó sa chontae. Bronntar deontais freisin chun tacú le cleachtas ealaíon agus forbairt ghairmiúil ealaíontóirí aonair. Bronnadh 25 dheontas ealaíon sa bhliain 2013, lena n-áirítear deontais chun tacú le Taispeántas Péinteála agus Sceitseála bliantúil Bhaile Átha Cliath a bhíonn sa tSlí Dála, chun tacú le saothar nua le Púca Puppets agus le Féile Beochana na Carraige Duibhe.

Cuireadh dhá thaispeántas le héile in 2013 trínar tarraingíodh aird ar ealaíontóirí dlr. Taispeánadh saothar le 47 n-ealaíontóir a raibh baint acu le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ag taispeántas oscailte gan chostas a bhí ar siúl i mí Feabhra. I mí na Samhna chomhoibrigh an Oifig Ealaíon le Graphic Studio Dublin chun saothar 22 ealaíontóir a chur ar taispeáint i dTaispeántas dar teideal Pressed. Bhain clár leathan ceardlann, léachtaí, cainteanna agus léirithe leis an taispeántas, rud a thug deis don phobal tuilleadh a bhaint as an seó.

## Na hEalaíona agus na Leabharlanna

Bhí na seirbhísí Ealaíon agus Leabharlann i bpáirt faoi roinnt mhaith tionscnamh a cuireadh i láthair in 2013, lena n-áirítear an cúigiú féile leabhar cháiliúil, Ó Bheanna go Muir dlr. Bhí 64 imeacht ar bun in imeacht 6 lá agus díoladh 6,716 thicéad. Áiríodh Margaret Atwood, Colum McCann, Eleanor Catton, Michael Harding, Liz Pichon agus Eavan Boland le mórúid na féile. Ba é Declan Hughes an Scríbhneoir Cónaithe le linn na Féile.

Ba í Katy Hayes an Scríbhneoir Cónaithe le linn 2012-2013. Fuarthas deontas i gcabhair ón gComhairle Ealaíon le haghaidh na cónaitheachta sin.

# An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna

## An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as raon an-leathan seirbhísí, idir sheirbhísí inmheánacha agus seachtracha san eagraíocht, a sholáthar agus a bhainistiú.

Áirítear iad seo a leanas leis na seirbhísí sin:

- Cruinnithe Comhairle
- Bainistíocht Saoráidí
- Deontais Ardoideachais
- Clár na dToghthóirí
- Bainistíocht Maoine
- Oifig Dhún Droma
- An Oifig Cumarsáide

## An Chomhairle Contae

28 gComhairleoir Contae as na Toghcheantair seo a leanas atá ar an gComhairle féin: Dún Droma, Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh, Stigh Lorgan, An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire

**Thíos:** Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2013

agus Cill Iníon Léinín/Seanchill (An Baile Breac mar a thugtaí air roimhe seo).

Tionóladh na cruinnithe Comhairle Contae seo a leanas sa bhliain 2013:

11 chruinniú de chuid na Comhairle Contae lena n-áirítear an Cruinniú Bliantúil agus an Cruinniú Buiséid.

19 gcruinniú de chuid Choiste Limistéir Dhún Droma

19 gcruinniú de Choiste Limistéir Dhún Laoghaire

20 cruinniú de na Coistí ar Bheartas Straitéiseach

2 chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta

4 chruinniú den Choiste Eagrúcháin, Nósanna Imeachta agus Prótacail

**Toscaireachtaí - (fóram trína bhféadfaidh aon chumann nó comhlacht casadh le hoifigigh de chuid na Comhairle agus le Comhairleoirí chun saincheisteanna a bhaineann lena limistéir áirithe féin a phlé).**

Tionóltar na toscaireachtaí uair sa mhí, seachas i mí Iúil, Lúnasa agus i mí na Nollag, i Halla an Chontae nó in Oifig Áitiúil Dhún



Droma. Is ceathracha cúig nóiméad fad an phlé a tharlaíonn idir gach tosaireacht agus Comhaltaí agus oifigigh na Comhairle.

Tionóladh 8 gcruinniú tosaireachta san iomlán i gcaitheamh na bliana, cruinnithe a bhí curtha ar bhonn foirmiúil.

### Bainistíocht Saoráidí

Tá an Rannán Bainistíochta Saoráidí freagrach as na Foirgnimh Chorporáideacha a bhainistiú (Halla an Chontae, Halla an Bhaile, Cearnóg an Chuain, Fo-Oifig Dhún Droma, Plás Sheoirse agus Bóthar na Leabharlainne). Tosaíocht is ea Luach a fháil ar Airgead agus rinneadh coigilteas ó thaobh ídiú Fuinnimh de.

Áirítear na Seirbhísí Riaracháin agus Cothabhála seo a leanas leis an obair a dhéanann an Rannán Bainistíochta Saoráidí:

- An Próiseas Ceannacháin / Soláthair / Tairisceana – d'fhág an úsáid a baineadh as conarthaí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair le haghaidh Slándála, Fógraíochta, Stáiseanóireachta, Leictreachais, Gáis agus Creatáí Bhord Cláir Líonraí an Rialtais, i gcomhar leis an Rannóg Airgeadais, le haghaidh Fóin Shoghluaiste agus Seirbhísí Líne Talún go ndearna an Chomhairle coigilteas suntasach. Baintear úsáid fós as na Cártaí Ceannacháin ar Luach Íseal agus tá laghdú sna huairanta daonchumhachta riaracháin mar thoradh air.
- Tá an Grúpa Soláthair Réigiúnaigh (ar cuid de an Chomhairle seo) ag obair faoi láthair ar dheiseanna tairisceana comhoibríochta a shaináithint i Réigiún Bhaile Átha Cliath.
- Cothabháil na nOifigí Corparáideacha
- Tugadh isteach Bainistíocht an Chaidrimh le Custaiméirí agus tháinig feabhas ar bhainistíocht conarthaí
- Bialann / Imeachtaí Cathartha
- Hallaí/Spás Taispeántais a Ligean ar Cíos
- Searmanais Pósta Shibhialta
- An Córas Teileafóin / Fóin Phóca Chorporáideacha a bhainistiú – Agus costais mhéadaitheacha agus éifeachtúlachtaí ar intinn, rinneadh iniúchóireacht ar na línte Teileafóin agus rinneadh coigilteas dá bharr sin freisin.
- An Deasc Eolais / Deasc an Phóirtéara
- Seirbhísí Malartáin – Soláthraíonn an córas uathoibríthe seirbhís thapa do chustaiméirí mar treoraítear glaoiteoirí chuig na príomhrannóga seirbhíse

### An Oifig Cumarsáide

Is í an Oifig Cumarsáide atá freagrach as an gcumarsáid chorporáideach agus as an eolas corporáideach go léir a bhainistiú. Is í an oifig an lárphointe teagmhála don chaidreamh go léir leis na meáin agus tá ról leanúnach aici ó thaobh chluí na Comhairle a bhainistiú trí phleanáil straitéiseach na cumarsáide. Áirítear ar cheann de phríomhchuspóirí na foirne a chinntiú gur trí phróiseas soiléir a dhéantar an chumarsáid ar an dá bhealach san eagraíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.



Thuas: Meáin Shóisialta

### Áirítear iad seo a leanas le príomhghnóthachtálacha 2013:

Caidreamh réamhghníomhach leis na meáin, lena n-áirítear seirbhísí, cláir agus tionscnaimh na Comhairle a chur chun cinn agus a mhíniú

- Saincheisteanna/Cumarsáid Ghéarchéime a Bhainistiú
- Ceisteanna preasa a Bhainistiú (308 in 2013)
- Oifig an Chathaoirligh a Bhainistiú
- Imeachtaí Corparáideacha a Bhainistiú
- An tIdirlíon agus an tInlín a fhorbairt
- Príomhfhóilseacháin na Comhairle a fhoilsiú lena n-áirítear dlí times a thagann amach go ráithiúil agus an Tuarascáil Bhliantúil
- Iarrataí ón Ombudsman a chomhordú (déileáladh le 13 chás in 2013)
- Áirítear cur i ngníomh Scéim Teanga na Comhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 le freagrachtaí breise na hOifige.

Ba é buaicphointe na bliana 2013 don Oifig Cumarsáide gur socraíodh suas Cuntais don Chomhairle ar na Meáin Shóisialta lena n-áirítear cuntais shonracha na Comhairle ar Twitter agus ar Facebook.

### Deontais Ardoideachais

Bunaíodh Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) sa bhliain acadúil 2012/2013 faoinar ghlac sí chuici féin cúram phróiseáil na n-iarratas nua ar Dheontais Ardoideachais a bhíodh ag na hÚdaráis Áitiúla agus ag na CGOanna.

An bhliain acadúil seo lean Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin uirthi ag próiseáil na ndeontas do 603 mhac léinn a raibh deontas faighte acu uainn sa bhliain acadúil 2011/2012 agus a bhí ag leanúint dá gcúrsaí staidéir. San iomlán, d'íoc an Chomhairle os cionn €1.2 milliún de thacaíocht airgid amach leis na mic léinn seo.

### Clár na dTogthóirí

Foilsíodh an Clár deiridh de Chlár na dTogthóirí 2013/2014 ar an 1 Feabhra 2013 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 15 Feabhra 2013.

Ba 152,849 duine líon iomlán na dtogthóirí ar an gClár deiridh agus is é seo a leanas an miondealú ar na Togthcheantair:



Toghcheantar	Líon na dToghthóirí	Toghcheantar	Líon na dToghthóirí
An Baile Breac	26,190	Dún Droma	29,370
An Charraig Dhubh	22,572	Gleann Cuilinn	22,031
Dún Laoghaire	32,642	Stigh Lorgan	20,044

Foilsíodh Dréachtchlár na dToghthóirí do 2014/2015 ar an 1 Samhain 2013. Thit an líon iomlán daoine ar an Dréachtchlár go 151,917 duine.

### Saoráil Faisnéise

Fuair an Chomhairle 61 iarraidh ar Shaoráil Faisnéise, 3 iarraidh ar Chosaint Sonraí, agus 5 iarraidh ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol (RFC) sa bhliain 2013.

### Oifig Dhún Droma

Tionóladh na cruinnithe seo a leanas in Oifig Dhún Droma in 2013:

Cruinnithe Coiste Limistéir Dhún Droma	19
Cruinnithe CBS	4
Toscaireachtaí	6
Cruinnithe eile de chuid na Rannóg	87
Cruinnithe Tithíochta/Clárú/Agallaimh/An Scéim Cóiríochta ar Cíos	46
Taispeántais/Taispeántais Phoiblí	37
Cruinnithe Eolais don Phobal	4
Oiliúint	0

Thíos: Tinte Ealaine Oíche Chinn Bhliana



### Scéimeanna na mBéilí Scoile

Baineann 10 mBunscoil i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leas as an scéim.

### Bainistíocht Maoine

Déanann an rannán seo punann mhaoine na Comhairle agus Eastát Tionscail Áth an Ghainimh a bhainistiú. Déantar gach fáiltas i gcomhair Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh tríd an rannán seo. Faoi láthair tá 45 Ligean Shealadacha/Léas Tráchtála ar a maoine i bhfeidhm ag an gComhairle chomh maith le 2 shiopa a ligean ar cíos. Tá an talamh seo cláraithe ar Chlár Leasa Maoine na Comhairle.

Déantar cigireacht agus forfheidhmiú faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 de réir mar is cuí. Sa bhliain 2013 bhí 19 maoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe – ba mhaoine neamhtráchtála 18 maoin díobh sin agus ba mhaoin tráchtála an ceann eile.

Tá Seirbhís Tagraíochta ar fáil ón rannán seo agus is é an rannán seo freisin a ullmhaíonn na Leabhair Thagartha d'Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh.

### An Rannóg Acmhainní Daonna

Ba 995 duine líon na foirne a bhí ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i ndeireadh na bliana 2013 agus áirítear leosan oibríthe cléireachais/riaracháin, oibríthe gairmiúla, teicniúla agus na hoibríthe ceirde agus ilsaothair a bhíonn lonnaithe in iostaí.

### Foireann na Comhairle Contae

The workforce of Dún Laoghaire-Rathdown County Council at the end of 2013 was 995 including clerical/administrative, professional, technical and depot-based staff comprising craft and general workers.

## Earcaíocht, Riarachán agus Caidreamh Tionsclaíoch

Tugann an Rannóg Acmhainní Daonna seirbhís chomhairleach don bhainistíocht áitiúil, rud a chinntíonn an comhionannas agus an chomhsheasmhacht ar fud na heagraíochta.

Cuirtear leas na foirne chun cinn trí scéimeanna i ndáil le cothromaíocht idir an obair agus an saol a bheith i bhfeidhm .i. fleisc-am, saoire scoilbhliana, obair a roinnt.

Aithníonn an Comhairleoir Tacaíochta Foirne gábha neamhbhuana nó deacrachtaí pearsanta a bhíonn ag baill foirne más ag an obair nó sa bhaile é; déileáiltear leo, soláthraítear seirbhís rúnda chomhairleoireachta, atreoraithe agus eolais.

## Comhionannas

Luach atá i gcroílár chultúr na Comhairle is ea an Comhionannas. Léirítear é sin sna beartais, sna cleachtais agus sna nósanna imeachta a chleachtaimid agus muid i dteagmháil leis na daoine agus lena chéile. Déantar an bhainistíocht ilchineálachta a chomhtháthú sa chlár oiliúna don chúram do chustaiméirí a d'fheidhmigh mar thaca chun teacht ar fhreagraí iomchuí i ndáil le raon leathan fiosrúcháin, ábhar imní agus riachtanas.

## Inrochtaineacht

Sa bhliain 2013, sáraíodh arís an sprioc 3% dá dtagraítear san Acht um Míchumas, 2005 maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú. (4.2% a baineadh amach).

## Forbairt agus Oiliúint Foirne

Cuireadh oiliúint go himheánach i rith na bliana ar 860 ball foirne faoin gclár oiliúna i réimsí lena n-áirítear iad seo a leanas:

Forbairt Phearsanta, Sláinte agus Sábháilteacht, Scileanna sa Seomra Cúirte, Bainistíocht Fiach, Saoráil Faisnéise, Cúram do Chustaiméirí, Teicneolaíocht na Faisnéise

**Thíos:** Paráid na LÓCHRANN 2013



Críochnaigh aon [1] bhall foirne amháin an cúrsa Teastais i Staidéir Rialtais Áitiúil

Críochnaigh aon [1] bhall foirne amháin an cúrsa Diplóma i Staidéir Rialtais Áitiúil

Ceadaiodh 38 mball foirne faoin Scéim Cúnaimh le tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais

## Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

Bhí líon áirithe cruinnithe ag an gCoiste Comhpháirtíochta i rith na bliana. Lean grúpaí Gníomhaíochta Comhpháirtíochta orthu ag cur roinnt mhaith cuspóirí/gníomhaíochtaí chun cinn agus tugtar breac-chuntas ar roinnt díobh sin thíos: -

## Fill ar an Oideachas

Bunaíodh trí ghrúpa faoi gclár, Fill ar an Oideachas. Déantar an tionscnamh seo a réachtáil i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire agus le Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath.

## Ócáid i gcuimhne ar bhaill foirne

An 1 Samhain, tugadh baill foirne atá ar shlí na fírinne chun cuimhne ag dhá ócáid, ceann i Halla an Bhaile agus an ceann eile in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.

## Scéim Nuálaíochta na Foirne

I mí na Nollag a seoladh an tionscnamh seo, trínar tugadh cuireadh don Fhoireann, d'Fhoirne nó do Rannóga smaointe nuálacha a chur faoi bhráid an Ghrúpa Gníomhaíochta Comhpháirtíochta don Nuálaíochta, smaointe chun an bealach ina bhfeidhmíonn an Chomhairle a fheabhsú agus/nó chun airgead a shábháil.

## Leabhráin Eolais don Fhoireann

D'fhoilsigh an Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre leaganacha póca i gcóip chrua den leabhrán "Leabhrán Eolais d'Fhoireann ccdlr" ina léirítear feidhmeanna agus freagrachtaí na mball foirne sna Rannóga agus sna Rannáin agus ina dtugtar sonraí teagmhála úsáideacha eile. Scaipeadh na leabhráin ar na Baill Foirne agus ar na Comhairleoirí go léir.

## Aitheantas as Seirbhís Fhadtéarma

Cháiligh 11 bhall foirne a raibh seirbhís 25 bliain tugtha acu.

## Scrúduithe Sláinte don Fhoireann

Bhí scagthástáil sláinte ar siúl i Halla an Chontae agus in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin i mí Mheán Fómhair / mí na Samhna. Ghlac 210 ball foirne san iomlán an deis ar an scrúduithe sláinte.

## Féilire Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2014

Foilsíodh féilire ina raibh grianghraif/pictiúir de bhaill foirne agus an obair a bhíonn idir lámha go laethúil acu á taispeáint, rud a léirigh an éagsúlacht mhór seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle.

# An Rannóg Comhshaoil

Tagann raon leathan seirbhísí do mhuintir na háite agus do chuiditheoirí faoi stiúir na Rannóige Comhshaoil agus ceapadh na seirbhísí sin chun fóntais d'ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil; caighdeán maith d'fhearann poiblí a bheith ann agus cineálacha éagsúla de ghníomhaíochtaí cultúrtha a éascú.

## Is iad seo a leanas na seirbhísí lárnacha:

### Seirbhísí Comhshaoil

Sa bhliain 2012, ghlac an Chomhairle lena Plean Bainistíochta Bruscair 2012-2014 a mhairfidh ar feadh 3 bliana. Lean na Maoir Bruscair orthu ag cur na reachtaíochta iomchuí i bhfeidhm lena n-áirítear na Fodhlíthe Bruscair. Eisíodh 536 fhíneáil bhruscair sa bhliain 2013.

Sa bhliain 2013, seoladh comhthionscnamh i gcomhar le húdaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath agus tacaíocht aige ó Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, ar mhaithe le haghaidh

**Thíos:** An Brat á Ardú

a thabhairt agus le haird a tharraingt ar fhadhbanna bainteach leis an salú ag madraí.

Ghlac 44 Ghrúpa Cónaitheoirí, Coistí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Bainistíochta Eastát páirt i gComórtas Bliantúil na gCeantar Slachtmhar in 2013. Ba é Deilginis an príomhbhuaiteoir.

Ghlac 34 scoil páirt i gcomórtas na Scoileanna Slachtmhara. Bhí clár na Scoileanna Glasa á bhainistiú freisin ag an Oifigeach Feasachta Comhshaoil agus tá 113 scoil cláraithe faoin gclár.

### Seirbhísí Glantacháin

Tá isteach agus amach le 60 ball foirne fostaithe sa Rannán Glantacháin agus áirítear idir innill ghlanta bóithre, beag-innill



ghlanta sráide, taobh-lódairí, truicilíní agus meaisín glas leis an bhflit.

Mar chuid den athbhreithniú seasta ar oibríochtaí reatha, déantar athbhreithniú go leanúnach ar an sceideal glanta bóithre ionas go mbeidh seirbhís mhíosúil ag formhór na limistéar cónaithe sa Chontae. Sa bhliain 2013, bhí róta oibre in úsáid fós ag an gComhairle chun sráideanna a ghlanadh agus chun boscaí bruscair a fholmhú i limistéir mhóra an bhaile agus bíonn seirbhís ar fáil 7 lá na seachtaine ó 7.00 ar maidin go 6.30 tráthnóna gach lá. Faoin sceideal nua seo is féidir na limistéir i lár an bhaile a scuabadh gach lá agus na príomhbhóithre a scuabadh gach coicís.

Tá thart ar 500 bosca bruscair ar fud an Chontae faoi láthair a fholmhaítear go laethúil nó trí huair sa tseachtain.

Tá 3 thrucail glantacháin silteán ag an Rannán Glantacháin a ghlannann thart ar 22,000 silteán go seasta ar fud an Chontae.

Déantar cothabháil ar na tránna ar fud an Chontae 7 lá na seachtaine agus bronnadh Brait Ghorma ar Rinn na Mara agus ar Chill Iníon Léinín in 2013.

## An tSeirbhís Páirceanna

Tugadh faoi raon leathan feabhsúchán ar an tírdhreach áitiúil sna spásanna oscailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear suíocháin nua, cosáin, cur crann agus tor, glanadh/néatú fásra, agus saoráidí áineasa. Tacaíonn an tSeirbhís Páirceanna le himeachtaí is díol suntais amhail Margáí CoCo a bhíonn ar bun inár bpáirceanna agus déanann sí forbairt orthu.

**Thíos:** Margadh CoCo, Páirc an Phobail



## Áiríodh an méid seo a leanas leis na Forbairtí Nua:

- Clós súgartha nua agus Leath de Limistéar Ilúsáide Cluichí ar Aillte Sheangánaí
- Bloc Leithreas nua oscailte i gCábán tSile
- An Gairdín - An Eoraip faoi Bhláth - déanta
- Cuid den líonra cosán nua críochnaithe i bPáirc Ghleann Mhainistir Chorcaí agus an chuid a bhí fiáin glanta amach
- Cuid amháin de na ráillí láimhe feistithe feadh na gcéimeanna i bPáirc Chnoc Chill Iníon Léinín
- Feabhas curtha ar dhromchla an spáis oscailte i mBaile Nua Mhic Gabhann
- Cairpéid Uile-Aimsire curtha síos ar na cúirteanna leadóige i bPáirc Ghort na Carraige

## Soláthraíodh conláistí nua spóirt sna láithreacha seo a leanas:

- Páirc imeartha uile-aimsire le haghaidh cluichí cúigear an taobh i bPáirc Sheangánaí
- Páirc imeartha uile-aimsire, chomh mór le páirc sacair, tógtha i bPáirc Mharlaí

Leanadh de chlár na n-oibreanna feabhsúcháin ar pháirceanna imeartha féaraigh ar fud an Chontae lena n-áirítear cóiriú le gaineamh, draenáil etc.

Cuireadh tús leis na hoibreacha méadaithe agus athchóirithe ar Lóiste an Gheata agus ar an bPailliún i bPáirc an Phobail.

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála ar an Deic Ardaithe.

Cuireadh tús leis na hoibreacha athchóirithe agus forbartha ar Pháirc an Phobail.

Críochnaíodh na hoibreacha tógála ar halla babhlála faoi dhion i Seanchill.

Lean an Rannóg Páirceanna uirthi ag obair go dlúth leis na pobail áitiúla; rinneadh freastal ar chruinnithe, roinneadh eolas agus tugadh cuidiú agus comhairle i dtaobh feabhsúcháin eastáit ar eastáit na Comhairle.

Cuireadh pleananna oibreanna áitiúla le chéile mar thoradh ar fhadhbanna áitiúla a bheith aitheanta agus ar aontú a bheith faighte i dtaobh na saincheisteanna riachtanacha ionas go bhféadfaí dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Rinneadh obair ar Scéimeanna Cuir agus Tírdhrechtaithe (féar a fhás ar limistéir a bhíodh faoi fhéar, cur crann/tor, bleibeanna, bláthanna).

Cuireadh crainn ar shráideanna in eastáit tithíochta.

## Imeachtaí dlí

Lean Imeachtaí Dlí leis an gclár d'Imeachtaí Saor in Aisce in 2013 lenar bhain imeachtaí amhail Picnic na mBéiríní, Taechóisir na nDreoilíní agus Scannáin sa Pháirc.

Bhí Féile Longitude ar siúl i bPáirc Mharlaí in 2013 - an chéad uair aici ann. Féile cheoil a mhair trí lá ba ea í agus bhí grúpaí

amhail Kraftwerk, Vampire Weekend agus the Yeah Yeah Yeah's ar stáitse.

D'éirigh thar barr le Féile na Nollag agus le Taispeántas Tinte Ealaíne Oíche Chinn Bhliana 2013 lenar bhain imeachtaí amhail Deabhadh Mór Thrucaíl Dhaidí na Nollag, Paráid na Lóchrann agus an iarracht ar Churiarracht Dhomhanda Hataí Dhaidí na Nollag.

## Margaí CoCo

Chuaigh Margaí CoCo i líonmhaire in 2013 agus bhí breis is 100 seastán i dtrí mhargadh na Comhairle agus leanadh ar aghaidh ag scaipeadh na nuachtlitreacha míosúla faoi mhargaí Pháirc Mharlaí.

## Forbairt Spóirt

Sa bhliain 2013, lean an Oifig Forbartha Spóirt uirthi ag cur an Chláir Forbartha Spóirt i bhfeidhm agus á fhorbairt ar fud an chontae. Clúdaíodh an Scéim, Rochtain ar Spóirt, agus an Deontas d'Imeachtaí Spóirt faoin gclár. Áiríodh soláthar sonrach do na Cláir Rochtana do Mhná sa Spóirt, don Óige i mBaol agus do Dhaoine Scothaosta leis freisin.

Lean an Oifig Forbartha Spóirt leis an gclár oibre atá aici i gcomhpháirtíocht leis an F.A.I., Seirbhísí Fóillíochta dlr, Cumann Rugbaí Laighean, agus leanadh leis an gClár, Peil sa Phobal, a bhunú níos forleithne i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Is sampla de na gnóthachtálacha atá iontu seo thíos:

**Thíos:** Siúlóid Operation Transformation 2013, Páirc Mharlaí



Chistigh an Oifig Spóirt cuid den Rith Páirce i bPáirc Mharlaí. Ghlac 400 duine ar an meán páirt sa rith seachtainiúil.

Ghlac tuairim is 1100 duine páirt i Rás na Bá, rás bóthair 10k.

Threisigh ar na cláir sacair, tonnta beaga agus miontonnta dlr, a bhí ar siúl i dtrí láthair timpeall an Chontae, agus ghlac 140 leanbh ar an meán, idir bhuachaillí agus chailíní in aois ó 3-9 mbliana páirt iontu gach seachtain.

D'éirigh go hiontach leis an gclár gailf SNAG (ag tosú ag imirt gailf) i bPáirc Mharlaí agus bhí os cionn 75 rannpháirtí ar na campaí samhraidh.

An Clár DRAFTS (Clár spraoi tríd an spóirt, tar éis na scoile, de chuid Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin). Bhí 12 scoil páirteach i ngníomhaíochtaí seachtainiúla, ó Bhoghdóireacht go hEitpheil.

D'éascaigh an clár, Spóirt sa Phobal, os cionn 50 clár spóirt ar fud an Chontae. Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na spóirt a imríodh - boghdóireacht, eitpheil, haca, sacar, daorchluiche, rugbaí agus cispheil.

## An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

Tá an Straitéis Contae don Rannpháirtíocht sa Spóirt 2013-2017 á cur i bhfeidhm go céimneach.

Áiríodh iad seo a leanas leis na Cúrsaí Oiliúna agus Forbartha:

- Gradaim Aitheantais do na hOibrithe Deonacha Spóirt
- Ceardlanna agus Oiliúint ar Chosaint Leanaí sa Spóirt
- Garchabhair Spóirt - cuireadh 25 chóitseálaí/oibrí deonacha faoi oiliúint.
- Clár Forbartha na nOibrithe Deonacha Spóirt
- Seimineár do Chlubanna ar an Reachtaíocht atá ag teacht isteach maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Oiliúint d'oibrithe deonacha as 22 club spóirt maidir leis an Rannpháirtíocht sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Áiríodh iad seo a leanas leis na Cláir agus leis na hImeachtaí Rannpháirtíochta:

- Rás Pobail 5k dlr - rith os cionn 1,000 duine, de gach aois agus de gach cumas
- Réamhsheisiúin agus cláir sheachtainiúla de ghníomhaíochtaí do dhaoine scothaosta.
- Spraoi-rothaíocht don Chlann - rinne beagnach 250 duine an dreas rothaíochta 6km seo.
- Damhsa Gníomhach - Clár idirbhliana do chailíní in 4 scoil in 2013.
- Operation Transformation - siúlóid phoiblí agus 360 duine ag siúl
- Cur chun cinn na Siúlóide agus na Rothaíochta sa Chontae - lena n-áirítear Seachtain na Rothar, grúpaí siúlóide agus bróisiúr eolais.

Forbairt agus Cláir Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas

- Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas spórt a imirt agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh.
- Clár Spóirt Uilechuimsithe, Rothaíocht Uilechuimsithe, Craobhchomórtais ONA na gCluichí an Ghortú Dromlaigh, Seoltóireacht Inrochtana, Clubanna Boccia agus Clubanna don Pheil i gCathaoireacha Rotha, Imeacht faoin Aireachtáil go maith, Damhsa Uilechuimsithe.
- Spreagadh feasachta agus forbairt acmhainní i dteannta comhpháirtithe áitiúla.

## An tSeirbhís Oidhreachta

Mheall an clár, Oidhreacht an tSamhraidh, os cionn 5,000 cuairteoir.

D'fhreastail os cionn 1,200 duine ar Imeachtaí Bithéagsúlachta.

Leanadh le Tionscadal Iora Rua Chnoc Chill Iníon Léinín.

Plean Oidhreachta nua glactha.

Dhá phlaic chuimhneacháin curtha suas ina n-ómós seo - Micheál Mac Daibhéid agus William Sealy Gosset.

Sraith Léachtaí faoin Oidhreacht i dTeach Chábán tSíle.

Scagthástáil déanta faoi Mheasúnú Iomchuí i ndáil le tionscadail éagsúla.

Athchóiriú Halla an Bhaile i nDeilginis.

Unearthing the Archaeology of Dún Laoghaire-Rathdown foilsithe.

**Thíos:** Seomraí Tae Ghráinseach an Déin

Plean Caomhantais Oileán Dheilginse curtha le chéile.

Tionscadail Caomhnaithe Fuinnimh i dTeach Chábán tSíle.

Tacaíocht tugtha d'Imeachtaí an Tóstail.

## An tSeirbhís Reiligi

Adhlacadh 593 chorp i Reilig Ghráinseach an Déin agus 558 gcorp i Reilig Sheangánaí.

Díoladh 22 uaigh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 230 uaigh i Reilig Sheangánaí in 2013.

Cuireadh tús le taifeadadh uathobrithe na dtaifead reilige nuair a rinneadh an fógra tairisceana in 2013 agus táthar ag súil go mbeidh an taifeadadh á uathobriú go hiomlán sa dá reilig faoi dheireadh na bliana 2014.

## An tSeirbhís Cothabhála Bóithre

### An Clár Athchóirithe Bóithre

Atógadh/Cuireadh athdhromchla ar 25 bhóthar in 2013 trí chabhair deontais €2,451,650 ón Roinn Iompair – Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre.

Tháinig scair den chistiú ba ghá i ndáil leis na hoibreacha ar na bóithre atá ar an liosta thíos as an deontas breise €746,300 a fuarthas ón Roinn Iompair - Deontas Cothabhála Athchóirithe Bóithre.

### Áirítear iad seo a leanas leis na scéimeanna a bhí idir lámha in 2013 le cabhair na ndeontas sin:

- Céide Bhaile Amhlaobh, Dún Droma



- Bóthar Bhaile Éamainn Duibh (bainteach leis na hoibreacha Draenála)
- Bóthar Braemor, Baile an Teampaill
- Plásóg na Carraige, Cill Mochuda
- Bóthar Pháirc an Chaisleáin (Cuid de) - (lena n-áirítear oibreacha athshlánaithe ar an bpríomhlíonra uisce agus Séarach an Uisce Dromchla)
- Cúirt na Silíní - Baile Uí Lachnáin
- Bóthar Chluain Caoin (Cuid de)
- Bóthar Dhún Droma ag Na Glasáin
- Páirc na Faiche - de Bhóthar Orwell
- Bóthar Hainault, Carraig an tSionnaigh
- Bóthar Ludford, Baile an tSaoir
- Bóthar Phádraig Uí Dhúill
- Bóthar an Phiarsaigh, An Naigín
- Ascaill na Rátha Móire (Cuid de), Cill Mochuda
- Bóthar Reabóige - (Cuid de)
- Bóthar an Naigín (Cuid de)
- Céide Shliabh Rua, Cill Mochuda
- Clós Sorrento - Deilginis
- Ascaill San Seoirse, Cill Iníon Léinín
- Ascaill Pháirc Stigh Lorgan,
- Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Dún Laoghaire
- Na Banracha, Bóthar Ulverton, Deilginis

- Na Pailmeacha - de Bhóthar Reabóige
- Ardán Tivoli Thuaidh, Dún Laoghaire (le n-áirítear oibreacha athshlánaithe ar an bpríomhlíonra uisce)
- Páirc Woodley

### Oibreacha athdhromchlaithe eile

Ach oiread leis na hoibreacha a rinneadh ar na bóithre atá ar an liosta thuas rinneadh oibreacha athdhromchlaithe freisin ar na bóithre seo a leanas as acmhainní na Comhairle féin:-

- Bóthar Ghleann na Tulaí - Baile Uí Lachnáin
- Ascaill Choill na Silíní - Baile Uí Lachnáin (Bóthar isteach go dtí Gleann Bhríde Stad an Luas)
- Páirc Ros Mín, Dún Laoghaire
- Ascaill an tSeoighigh - Carraig an tSionnaigh
- Ascaill an Bhaile Nua - An Charraig Dhubh (Cuid de)
- Bóthar na Grúdlainne - Stigh Lorgan (Cuid de)

### Clár Athchóirithe na gCosán

Rinneadh Oibreacha ar Conradh ar 15 láthair sa bhliain 2013 le €380,000 de chistiú a tháinig as acmhainní na Comhairle féin.

### Is iad seo a leanas na láithreacha ina ndearnadh athchóiriú ar na cosáin in 2013:

- Eastáit Bhaile Amhlaoibh (Cuid de)
- Garrán Braemor - Baile an Teampaill
- Bóthar Chluain Sceach - (Cuid de)
- Páirc Crosthwaite - Dún Laoghaire

**Thíos:** An Rás Pobail 5k 2013



- Rinneadh deisiúcháin agus athchóiriú ar chosáin freisin trí Obair Dhíreach.
- Arda Bhaile na Lobhar agus Seanbhóthar Bhaile Uí Mhurchú
- Céide Ludford (Cuid de)
- Ascaill Pháirc na Cluana - Baile an Teampaill
- Ascaill Bhaile na Manach - (Cuid de)
- Bóthar Mount Anville (Cuid de)
- Ascaill an Gharráin Chnó - (Cul de Sac ar aghaidh an tSéipéil)
- Bóthar an Phiarsaigh, An Naigín
- Ascaill Bhaile an Róistigh (Cuid de)
- Páirc Achadh an Tobair - Carraig an tSionnaigh (Cuid de)
- Bóthar na gCrann Íochtarach - Cnoc Mhuirfean (Cuid de)
- Bóthar na gCrann Uachtarach - Cnoc Mhuirfean (Cuid de)

### Mórscéimeanna eile faoi bhainistiú an Rannáin Cothabhála Bóithre

- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Braemor :- Céim na Tógála
- Droichead na Brocaí - Céim na Tógála

### An Rannán Rialaithe Bóithre

Baineann BSL, Bord Gáis agus Cuideachtaí Cumarsáide (Eircom, UPC agus BT) úsáid anois as Roadmap, an córas iarratais ar líne. Tá leathnú an chórais seo d'fhonn é a chumasú chun na hiarratais go léir ar Cheadúnais chun bóithre poiblí agus cosáin a thochailt a ghlacadh á mheas in éineacht leis an bhforbairt ar an gcóras nuashonraithe “Rialú Oibreacha Bóithre Ar Líne” ar a dtugtar “Licence It”.

Thug Bord Gáis “tionscadal luathaithe um athnuachan príomhphiopaí”, tionscadal sé bliana chun críche sa Chontae sa bhliain 2010. Sa bhliain 2011, críochnaíodh an chigireacht agus an tseiceáil ar na hoibreacha athdhúnta a rinneadh ar na “Bloic” seo. Tá Bord Gáis ag leanúint ag aghaidh le trealamh atreisiúcháin (Príomhphiopaí Gáis breise agus nua) a shuiteáil ar a gcóras mar aon le ceangail aon uaire chuig teaghaisí aonair. Freisin, tá Bord Gáis ag tabhairt faoi chlár oibreacha chun láithreacha a aithint ina bhfuil aon príomhphiopaí d'iarann teilgte a tharlódh a bheith fágtha ar a gcóras i ndiaidh a gclár athnuachana.

Lean UPC-NTL orthu i mbun uasghráidithe ar a seirbhísí féin sa Chontae in 2013 agus chríochnaigh siad líon áirithe “Fáiníní” sa bhreis. Táthar tar éis an chlár athnuachana reatha a chríochnú agus tá UPC ag leanúint orthu lena gceangail do chustaiméirí agus leis an gcothabháil leanúnach. 28 ceann san iomlán de na “Fáiníní” atá críochnaithe anois.

Chuir Eircom Ltd. tús le clár chun a líonra a uasghrádú, lena n-áirítear Caibinéid, mar aon leis an bhfoinse cumhachta a ghabhann le gach caibinéad (micreacholún BSL), a shuiteáil ar fud an Chontae, ag féachaint le hacmhainneacht a mBanda Leathain a fheabhsú.

Seirbhísí Dramháiola agus Uisce:- Caitheadh an tsuim €650,000 ar oscailtí a dhúnadh go buan; oscailtí a rinneadh chun deisiúcháin a dhéanamh ar líonra an tsoláthair uisce.

Sa bhliain 2013 críochnaíodh “Tionscadal Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath”, tionscadal ar cuireadh tús leis sa Chontae in 2010 chun an príomhlíonra uisce a uasghrádú go céimneach. Tharlódh sé go bhfuil limistéir shonracha eile ann a bheidh le hathshlánú in am is i dtráth.

### An Rannán Soilsithe Phoiblí

Tá thart ar 23,500 lóchrann sa Chontae agus is ag dul in airde atá an figiúr sin mar go bhfuil eastáit nua agus bóithre á dtógáil i gcúram.

In 2013, leanadh den chlár leanúnach trína ndéantar lóchrann agus colúin a athsholáthar. Faoin gclár, díriodh ar shuiteáil lóchrann tiosach ar fhuinneamh a bhaineann leas as solas geal, soilse LED, ballastá leictreonacha, agus ar íslíu an tsolais. Tugtar ardtosaíocht sa Rannán Soilsithe Phoiblí don éifeachtúlacht fuinnimh agus d'fheabhsúcháin ó thaobh soilsithe de a fhágann go mbíonn spáráil fuinnimh mar thoradh orthu.

Rinneadh an dearadh don Soilsíú Poiblí do na scéimeanna nua seo - Halla an Bhurtúnaigh, Timpeallán Bhaile na Lobhar, stáisiún DART Sheanchille. Tugadh tacaíocht leis an dearadh do Bhóthar na Potaireachta agus don uasghrádú ar an soilsíú mar a tharla ar Ascaill Foster, Sráid Sheoirse.

Leathnaíodh an córas bainistíochta sócmhainní ríomhairithe GIS chun gur féidir gníomhaíochtaí a bhaineann le cothabháil soilsithe poiblí a bhainistiú, ó thuairisciú fabhtanna go dtí an sonrascú.



**Thuas:** Íoc le Glaoch Teileafóin - Córas na gClíbeanna Páirceála

**Thíos:** An Tascfhórsa ar Bhruscar Guma Coganta 2013





# An Rannóg Airgeadais agus T.F.

## An Rannóg Airgeadais

Is í an Rannóg Airgeadais atá freagrach as oibríochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha na Comhairle, idir loncam agus Chaipiteal, a mhaoiniú.

Áirítear iad seo a leanas leis an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid agus Bainistíocht Cisteáin
- An Dréachtbhuiséad Bliantúil a ullmhú
- An Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú
- Obair riaracháin a dhéanamh ar an Mórleabhar Ginearálta agus ar na Príomhchórais Airgeadais
- Riarachán Párolla
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála
- Bailiú Muirear Dramhaíola Comhshaoil
- Billeáil agus Bailiú Muirear Uisce Tráchtála
- Cuntais a Íoc
- Riarachán Árachais agus Éileamh
- An Oifig Fáltais Íocaíochtaí
- Riarachán agus Bailiú an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha
- Riarachán agus Bailiú an Mhuirir Teaghlaigh

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais freisin go gcomhliontar leis na príonsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais, a chuirtear i bhfeidhm ar an airgead go léir, a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

### Buiséad na Comhairle

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Dréachtbhuiséad foriomlán i gcomhairle le gach rannóg sa Chomhairle. Ba €179,103,400 an Buiséad loncaim don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2013, arna ghlacadh ag an gComhairle.

### Rátaí

Bíonn rátaí iníoctha ar mhaoiné tráchtála agus tionsclaíoch. Cinneann na Comhaltaí tofa, tar éis don Bhuiséad a bheith measta gach bliain, an Ráta Bliantúil Luachála (RBL) a thobheofar an bhliain dár gcionn. Ba €0.1666 an RBL don bhliain 2013, agus b'ionann sin agus laghdú 2% ar an RBL do 2012.

### Comhthiomsú Staitisticí

Bliain	Iomlán na Rátaí a Éilíodh	Iomlán na Rátaí a Bailíodh	% a Bailíodh
2013	€100,545,302*	€78,101,155	77.68%
2012	101,483,481	76,485,950	75.36%
2011	101,326,260	77,289,648	76.28%

Folaíonn \* riaráistí €24,997,530 a bhí ag teacht isteach @ 1/1/2013 Ba €22,444,147 na Riaráistí Deiridh @ 31/12/2013.

Léiríonn an céatadán 77.68% a bailíodh sa bhliain 2013 feabhas 2.32% ar an bhfeidhmíocht bhailiúcháin don bhliain 2012 i gcontráthacht leis an titim leanúnach san fheidhmíocht bhailiúcháin sna blianta roimhe sin, rud a chuireann in iúl go bhfuil feabhas/cobhsaíocht inbhuanaithe ag tarlú sna bailiúcháin.

### An tAcht Luachála, 2001

Leasaíodh san Acht Luachála, 2001 an dlí a bhaineann le luacháil inráitithe maoiné agus éascaíonn sé luacháil náisiúnta ar na luachálacha inráitithe go léir.

### Athluacháil

Cuireadh clár athluachála i gcrích sa Chontae agus bhí éifeacht ag an liosta luachála nua chun críocha rátála ar an 1 Eanáir 2011. Tá an clár athluachála náisiúnta á chur i bhfeidhm go céimneach fós ar fud na tíre ag an Oifig Luachála.

### Tobhach Maoine Bliana Iontrála

Tugadh an tobhach isteach faoin Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006 a achtaíodh ar an 24 Nollaig 2006.

Bíonn feidhm ag an tobhach maidir leis na maoine nuathógtha go léir ón dáta a ndéantar na maoine a luacháil chun críocha luachála, ag feitheamh rátaí tráchtála a thobhach.

### Muirir Dhramhaíola Comhshaoil

Cé gur éirigh an Chomhairle as seirbhís dhíreach bhailithe dramhaíola a sholáthar ó thús Lúnasa 2010 tá sí fós ag bailiú riaráistí gan íoc agus bailíodh €1.2 milliún sa bhliain 2013. Ina theannta sin freisin, tá an Chomhairle fós ag glacadh agus ag próiseáil iarratas ar tharscaoileadh i leith an mhuirir agus próiseáladh 1,117 n-iarratas in 2013. Deonaíodh 1,000 iarratas agus diúltaíodh 17 n-iarratas.

**Bailiú Muirear Uisce Tráchtála**

Cinntear na muirir don soláthar uisce tráchtála de réir úsáid mhéadraithe.

Bliain	Iomlán na Muirear Uisce a Éilíodh	Iomlán na Muirear Uisce a Bailíodh	% a Bailíodh
2013	€10,743,010	€5,763,425	53.65%
2012	€12,505,868*	€6,215,476	49.70%
2011	€14,544,063*	€6,426,070	44.18%

\*Eisítear billí i riaráiste. Áirítear an bille deiridh don bhliain leis an dochar bliantúil, cé go n-eisítear é ar chustaiméirí i ndiaidh dheireadh na bliana. Ní mór a thabhairt ar aird freisin go bhfolaíonn an t-iomlán a éilíodh na riaráistí €6,290,392 a bhí ag teacht isteach an rú lá d'Eanáir. Ba €4,979,585 na riaráistí deiridh mar a bhí an 31 Nollaig 2013.

Ba léir feabhas leanúnach sna cúig bliana seo caite sna rátaí bailiúcháin maidir le muirir uisce tráchtála agus nuair a ghlahtar i gcuntas an méid a rinneadh a mhuirearú siar go dtí an bhliain 2013 ón mbliain 2014, sa chás sin ardaíonn an fheidhmíocht bhailiúcháin don bhliain 2013 go 66.14%.

Nóta: Cuireadh deireadh le Muirir Uisce Teaghlaigh le héifeacht ón 1 Eanáir 1997.

**Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)**

Tugadh isteach muirear €200 ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009. Tá an muirear €200 iníoctha leis an údarás áitiúil ar ina limistéar atá an Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha suite. Is iad na húinéirí féin a mheasann an muirear agus ní mór dóibh an mhaoin a chlárú agus an muirear a íoc.

Déantar foráil sa reachtaíocht do ghearradh táillí as íoc déanach maidir le hiocaíochtaí a íocadh tar éis an dáta dlite agus d'imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne úinéirí atá faoi dhliteanas an muirear a íoc ach nach gcomhlíonann a ndlíteanas.

Bhí 16,140 maoin faoi réir an mhuirir sa bhliain 2013 agus ba €4,591,546 an méid a bailíodh, lena n-áirítear táillí as íoc déanach, agus thabharfadh leibhéal iocaíochta den sórt sin le fios gur comhlíonadh iomlán, beagnach, a bhí i gceist sa Chontae maidir leis an muirear a íoc.

**An Muirear Teaghlaigh agus an Cháin Mhaoine Áitiúil**

Rinneadh foráil san Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011 / sna Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2012 maidir le muirear teaghlaigh €100 a bheidh iníoctha ag úinéirí maoine cónaithe áirithe a thabhairt isteach. Thug an Rialtas an muirear isteach mar ghníomh eatramhach faoin gClár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn agus díothaíodh é le héifeacht ón 1/1/2013 tar éis don Cháin Mhaoine Áitiúil a bheith tugtha isteach. Is ar na Coimisinéirí atá an cúram faoin

**Thíos:** An Tóstal - An Eoraip faoi Bhláth



Reachtaíocht an Cháin Mhaoine Áitiúil a mheasúnú, a chur i bhfeidhm agus a bhailiú. Is ar na Coimisinéirí Ioncaim freisin a cuireadh an fhreagracht, le héifeacht ón 1/7/2013, as riaráistí muirir teaghlaigh nár íocadh a bhailiú.

Níorbh ionann an Muirear Teaghlaigh ná an Cháin Mhaoine Áitiúil agus cineálacha breise ioncaim d'Údarás Áitiúla in 2013 ach tháinig siad in ionad an ranníoca a dhéantaí roimhe sin leis an gCiste Rialtais Áitiúil as fáltais chánachais an rialtais láir. Bhí na rátaí comhlíonta sa Chontae seo maidir leis an Muirear Teaghlaigh agus an Cháin Mhaoine Áitiúil a íoc ar na cinn ab airde sa Stát.

### Bainistíocht Airgeadais

Is tuairisciú tréan críochnúil an tuairisciú a dhéantar ar bhainistíocht airgeadais sa Chomhairle. Cinntíonn an dianchóras atá i bhfeidhm maidir le faireachán míosúil ar chúrsaí airgeadais go n-aithnítear aon athraitheas suntasach sa bhuiséad go luath agus go nglactar bearta cuí chun aon dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh ó thaobh cúrsaí airgeadais de a laghdú. Áirítear iad seo a leanas leis an rialú sin - athbhreithniú rialta airgeadais, tuarascálacha airgeadais míosúla agus ráithiúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais a thomhaistear i gcoinne bhuiséid an chaiteachais agus an ioncaim ar aon agus measúnú ar an anailís a dhéantar ar athraitheas.

### Tuarascálacha Ráithiúla

Tugadh isteach ceanglais tuairiscithe bhreise faoin gClár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn lena gceanglaítear go soláthróidh na húdaráis áitiúla go léir sonraí ráithiúla don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil taobh istigh de 60 lá ó dheireadh na ráithe.

Is iad seo na tuarascálacha lena mbaineann na ceangail:

An Tuarascáil Ioncaim ina dtugtar sonraí caiteachais agus ioncaim an chuntais ioncaim don bhliain go dtí deireadh gach ráithe in aghaidh bhuiséad na bliana.

An Tuarascáil Chaipitil ina dtugtar sonraí iarmhéideanna tosaigh, caiteachais agus ioncaim agus iarmhéideanna deiridh an chuntais chaipitil don bhliain go dtí deireadh gach ráithe.

An Tuarascáil Féichiúnaithe ina dtugtar sonraí faoi ghluaiseachtaí i ngach aon chatagóir féichiúnaithe don bhliain go dtí deireadh gach ráithe.

An Tuarascáil Iasachtaí ina dtuartar go sonrach na haisíocaíochtaí úis agus bunairgid ar na hiasachtaí reatha agus ceadaithe uile.

An Tuarascáil Párolla/Aoisliúntas ina dtugtar sonraí faoi íocaíochtaí párolla agus íocaíochtaí a bhaineann le pinsean don tréimhse shonraithe.

Cuireadh na tuarascálacha seo go léir faoi bhráid na Roinne taobh istigh de na scálaí ama sonraithe do na 4 ráithe de 2013.

### Cuntais a Íoc

Íoctar soláthraithe faoi réir doiciméid bhailí chánach a bheith curtha ar fáil acu. Déantar formhór na n-íocaíochtaí le Ríomhaistriú Airgid (RA) trína gcuirtear na híocaíochtaí isteach díreach i gcuntais bhainc na soláthraithe agus eisítear

íocaíochtaí le seiceanna ar uairibh i gcás nach féidir RA a dhéanamh. Íoctar an fhoireann agus na Comhairleoirí le RA freisin.

Is é an banc seo a leanas Cisteoir na Comhairle: Banc na hÉireann, 101 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Tá sé d'oibleagáid ar an gComhairle, ón 1 Iúil 2011, soláthraithe a íoc taobh istigh de 15 lá chun déanamh de réir chinneadh Rialtais a rinneadh faoi bPlean Téarnaimh Náisiúnta agus faoin gClár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn. Bhíodh feidhm ag an riail um íoc pras cuntas 15 lá maidir le Ranna an Rialtais Láir ach thug an cinneadh seo Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na hÚdaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus na comhlachtaí eile go léir san earnáil phoiblí isteach faoina réim.

### CBL

Toisc athruithe a bheith déanta sa reachtaíocht a bhaineann le CBL le haghaidh comhlachtaí poiblí tugadh raon seirbhísí breise de chuid na n-údarás áitiúil faoi réir CBL le héifeacht ón 1 Iúil 2010. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar Sheirbhísí na Comhairle chun foinsí ioncaim a thiofadh faoi réir na n-athruithe CBL a aithint agus cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun CBL ar ioncam ábhartha a chur i gcuntas agus chun caiteachas lena mbainfeadh CBL a aithint chun cinntiú go mbeadh na tuairisceáin a chuirfí faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim cruinn.

### Iníúcháireacht Inmheánach

Is é príomhról na hIníúcháireachta Inmheánaí a dhearbhu don Bhainisteoir Contae, don Bhainistíocht Shinsearach, don Chomhairle Thofa agus don Choiste Iníúcháireachta gur aithníodh na rioscaí éagsúla a bhí roimh an gComhairle agus go bhfuil rialuithe inmheánacha iomchuí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann Iníúcháireacht Inmheánach meastóireacht agus tuairiscíonn sí ar chórais rialaithe

**Thíos:** An Seabhrán Léitheoireachta Samhraidh, 2013



inmheánacha na Comhairle agus déanann sí moltaí ar mhaithe le feabhsú más gá. Cuireann Iniúchóireacht Inmheánach feidhm athbhreithnithe neamhspleách ar fáil don bhainistíocht, chun dearbhú go mbíonn seirbhísí á soláthar go héifeachtúil, go héifeachtach agus go tíosach agus go mbíonn siad de réir na gceanglas dlíthiúil. In 2013 scrúdaigh an Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí sé réimse agus chuir sé a thorthaí faoi bhráid na Bainistíochta agus faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta.

### Árachais

Is iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta: Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostóirí, Árachas Dóiteáin (Stoc Tithíochta), Árachas Dóiteáin (Maoine Ginearálta) agus Árachas Mótair. Soláthraítear cumhdach iomlán.

### An Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Ullmhaíodh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2012, a críochnaíodh sa bhliain 2013, ar bhonn fabhraithe cuntasáíochta agus áiríodh ann Clár Comhardaithe iomlán inar léiríodh na sócmhainní a bhí in úinéireacht na Comhairle agus na dliteanas a bhí dlite ar an gComhairle, agus críochnaíodh é taobh istigh den tréimhse ama reachtúil. Is é nó í an tIniúchóir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchóireacht ar na cuntais agus tuairiscíonn sé nó sí don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## Teicneolaíocht na Faisnéise

Freastalaíonn rannán TF ar an raon faisning agus méadaitheach de na riachtanais a bhíonn ag an eagraíocht ó thaobh theicneolaíocht na faisnéise de. Cuirtear seo i gcrích ar mhodh beartaithe agus i dtimpeallacht bhainistithe de réir na n-éileamh atá i bPlean Gnó na Rannóige agus sa Phlean Corparáideach agus de réir éileamh ad hoc ón taobh istigh agus níos minice anois ó fhoinsí seachtracha.

### Roinnt de na Buaicphointí in 2013:

- Níos mó úsáide bainte as na Teicneolaíochtaí Fíorúluite chun costais a ísliú agus bainistíocht níos fearr déanta ar na córais TF
- Leabharlanna – aonaid féinseirbhíse bhreise i Leabharlanna
- Obair athchóirithe déanta ar Leabharlann Ghráinseach an Déin, agus áiseanna nua breisithe TF curtha isteach
- Cineálacha éagsúla Córas TF chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus an teicneolaíocht a nuachóiriú
- Uasghrádú déanta ar an mbonneagar líonra chun costais a ísliú
- Cleachtais ITIL glactha
- Feabhsúcháin déanta ar ár Suíomh gréasáin agus ar na córais ar líne
- Bainistíocht an Chaidrimh le Custaiméirí á feidhmiú go céimneach fós
- Seirbhísí Priontála Bainistithe
- Córas Bainistíochta Fuinnimh
- Deisigh mo Shráid

**Thíos:** Córais TF nua i Leabharlann Ghráinseach an Déin



# An Rannóg Tithíochta agus Pobail

## An Rannóg Tithíochta

Déanann an Rannóg Tithíochta thart ar 4,300 maoin atá in úinéireacht na Comhairle a bhainistiú. Is í atá freagrach as an mBeartas Náisiúnta Tithíochta a chur i ngníomh agus áirítear lena feidhmeanna leithdháileadh, cothabháil, athchóiriú agus díol teaghaisí, measúnú agus bailiú cíosa, iasachtaí ceannaigh tí agus deontais áirithe a bhronnadh, agus soláthar cóiríochta do theaghlaigh gan dídean.

Is í an Rannóg atá freagrach as caighdeán a fhorfheidhmiú agus as leabhair chiosa i gcóiríocht phríobháideach ar cíos a choinneáil cothrom le dáta agus as an Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCarC) a riar. Is í an Rannóg atá freagrach freisin as maoin a fháil le haghaidh tithíocht shóisialta trí mhaoine príobháideacha a léasú, chomh maith le bainistíocht agus cothabháil na nGrúpscéimeanna Tithíochta agus na Láithreán Stad agus as cur i ngníomh Chlár Cóiríochta na Comhairle don Lucht Siúil.

### An Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

Tháinig deireadh leis an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí i mí na Nollag 2012. Tá scéim nua cosúil leis an scéim cheannaigh incrimintigh le seoladh in 2014. In 2013, cheadaigh an Chomhairle 15 iarratas agus díoladh 15 theaghais.

### Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta

In 2013, fuarthas líon áirithe fiosrúchán faoin tionscnamh seo agus síníodh 9 léas faoinar ligeadh 12 aonad; tugadh an obair a bhain le dhá iarratas a rinneadh faoin scéim, Saoráid Iasachta i ndáil le hAirleacan Caipitil (SIAC), chun críche agus díoladh 66 aonad. Leanfar ar aghaidh leis na scéimeanna seo in 2014.

### Athchóirithe

Rinneadh oibreacha athchóirithe suntasacha ar 12 aonad in Ardán Bhaile an Róistigh, An Naigín agus athosclaíodh iad in 2013. Rinneadh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh in 718 dteaghais.

Maidir le teaghaisí a bhíonn ligthe ar cíos ag an gComhairle le tionóntaí faoi mhíchumas, méadaíodh ceithre cinn agus rinneadh athruithe ar 36 sheomra folctha.

**Thíos:** An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, 2013



### An Scéim “Deontas D’Oiriúnú Tithe” do Dhaoine faoi Mhíchumas

Fuarthas 101 iarratas ar an scéim ‘Deontas D’Oiriúnú Tithe’ do Dhaoine Faoi Mhíchumas.

Eisíodh 44 cead shealadacha arbh €748,365 a luach.

### Scéim Deontas Tithíochta i gcomhair Áiseanna mar Chabhair don tSoghluaisteacht

Fuarthas 27 n-iarratas ar an Deontas Tithíochta i gcomhair Áiseanna mar Chabhair don tSoghluaisteacht.

Eisíodh 14 chead shealadacha arbh €47,814 a luach.

### Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Fuarthas 27 n-iarratas ar Chabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.

Eisíodh 15 chead shealadacha arbh €128,102 a luach.

### Easpa Dídine

Lean an Chomhairle leis na comhshocruithe a bhí idir í agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndáil le cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine gan dídean. Ghlac an Chomhairle an Creat Reachtuil, Creatphlean Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean do Bhaile Átha Cliath 2014 go 2016 i mí na Samhna 2013.

Sa bhliain 2013, chuir an Chomhairle 12 theaghlach a bhí gan dídean isteach i dtithíocht shóisialta mar a leanas:

<b>Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe:</b>	7
<b>An Scéim Cóiríochta ar Cíos:</b>	3
<b>Cóiríocht ÚA:</b>	2

Ina theannta sin d’éirigh le sé theaghlach eile a bhí gan dídean cóiríocht thacaithe fhadtéarmach a fháil i gcaithir Bhaile Átha Cliath agus d’éirigh le teaghlach amháin a bhí gan dídean cóiríocht thacaithe fhadtéarmach a fháil i mBaile Átha Cliath Theas.

Cuidíodh le 32 theaghlach teacht ar chóiríocht in earnáil na dtithe príobháideacha ar cíos.

Sa bhliain 2013, thacaigh an Scéim TMN (Tacaíocht chun Maireachtáil go Neamhspleách) le 30 teaghlach a bhí tar éis bogadh amach as cóiríocht do dhaoine gan dídean.

Cuireadh tús le Seirbhís Tacaíochta ar Cuairt an Chumainn Tithíochta don Mhaireachtáil Imeasctha (HAIL) i mí Bealtaine 2012 agus fuair 11 teaghlach tacaíocht uathu in 2013.

Leanann Grúpa an Chomhchruinnithe dá chruinnithe chun plé a dhéanamh ar Chomhchruinniú na Seirbhísí agus ar aon saincheisteanna is ábhar imní iad a ardaítear. Tá ionadaithe ó na soláthraithe seirbhíse ar Ghrúpa an Chomhchruinnithe.

Cuireadh tús leis an tSeirbhís Cothabhála Tionóntachta a sholáthraíonn Focus Ireland, i mí Feabhra 2012. Is do theaghlach a bhfuil teaghaisí acu faoin Scéim Tithíochta Sóisialta agus a mbíonn deacrachtaí acu lena dtionóntachtaí a sholáthraítear an tseirbhís.

### Iompar Frithshóisialta ar Eastáit na Comhairle

Lean an Chomhairle dá beartas dul i ngleic go cuimsitheach le heachtraí iompair fhrithshóisialta ar a heastáit le linn 2013.

Imscrúdaíodh agus tugadh 96 chás san iomlán d’iompar frithshóisialta chun críche i gcaitheamh na bliana. Is ionann sin agus laghdú 8.5% sna cásanna iompair fhrithshóisialta a tuairiscíodh i gcomparáid leis an líon a tuairiscíodh in 2012.

Tionscnaíodh caingean dlí nuair ba chúig agus fuarthas 3 Fhógra Fágála ón gCúirt Dúiche.

Eisíodh 31 litir rabhaidh agus tugadh 23 fhógra rabhaidh ó bhéal.

Rinneadh 1,049 measúnú réamhthionóntachta (seiceáil ar chúlra).

Diúltaíodh tithíocht do 22 iarratasóir nó cuireadh siar a n-iarratais ar feadh tamaill toisc iad a bheith ag gabháil d’iompar frithshóisialta agus/nó ar mhaithe le dea-bainistíocht eastáit.

### Cúrsaí Oiliúna Réamhthionóntachta

Rinne 94 iarratasóir ar thithíocht cúrsa réamhthionóntachta in 2013.

### Liostaí Tithíochta agus Aistrithe

An 31 Nollaig 2013, de thoradh measúnaithe measadh 4,103 iarratasóir a bheith i gcall tacaíochta faoin scéim tithíochta sóisialta. Leithdháileadh teaghaisí ar 190 iarratasóir ar thithíocht. Áiríodh iad seo a leanas leo - cuireadh cóiríocht ar fáil do 52 iarratasóir i dteaghaisí a bhí in úinéireacht nó á mbainistiú ag Cumainn Tithíochta Deonaí, leithdháileadh 54 theaghaisí faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos, cuireadh cóiríocht ar fáil do 79 n-iarratasóir as stoc na Comhairle agus cuireadh cóiríocht ar fáil do 5 iarratasóir i maoin faoin Scéim Léasaithe Fhadtéarmaigh. Aistríodh 90 tionónta chuig cóiríocht eile. Áiríodh leo sin ceithre dhuine dhéag a baineadh den Liosta Aistrithe Seasta faoi SCaRC, naonúr a bhí ar liosta SCaRC a aistríodh go cóiríocht faoi SCaRC, seisear a fuair tionóntacht ó Chumann Tithíochta Deonaí agus beirt a aistríodh isteach i maoin lenar ghabh Léas Fadtéarmach.

Rinneadh an Measúnú ar Riachtanais Tithíochta sa bhliain 2013. Measadh 3,406 iarratasóir a bheith i gcall tacaíocht tithíochta mar a bhí an 7ú Bealtaine 2013.

### Cíosanna Tithíochta

De ghnáth, ríomhtar an cíos bunaithe ar ioncam reatha an teaghlach faoi Scéim Cíosanna Dífreálacha na Comhairle. Sa bhliain 2013 tharla ardú 2% sna meánchíosanna difreálacha ó €57.63 go €58.78 sa tseachtain. In ainneoin titim bheag sa ráta bailiúcháin sheachtainiúil i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, bhí ardú faoi 2% go €12.4 milliún ag deireadh na bliana ar an ioncam iomlán ó chíosanna.

### An Scéim Tithíochta Incheannaithe /An Scéim Tóg ar Cíos Lena Cheannach

Ainneoin na bhfadhbanna leanúnacha sa mhargadh tithíochta, díoladh ocht gcinn de theaghaisí incheannaithe in 2013. Díoladh trí cinn de na maoin seo faoin Scéim Tóg ar Cíos Lena Cheannach a tugadh isteach i mí na Samhna 2011 agus a

thugann an deis d'áititheoirí an mhaoine a bheith acu ar cíos ar feadh tréimhse suas go trí bliana agus an rogha an mhaoine a cheannach, faoin Scéim Tithíochta Incheannaithe, ar phraghas laghdaithe lúide 80% den chíos a d'íoc siad.

Tá gach ceann de na trí mhaoine is seasca de na maoinne tithíochta incheannaithe atá ag an gComhairle agus nach bhfuil díolta áitithe anois faoin Scéim Tóg ar Cíos lena Cheannach agus tá sé á chur in iúl ag formhór na n-áititheoirí gur mhaith leo a dteaghas a cheannach. Féadfaidh siad iarratas ar mhorgáiste a chur isteach chuig na bainc/cumainn foirgníochta atá faofa chun morgáistí a thabhairt amach chun tithíocht incheannaithe a cheannach nó chuig an gComhairle, sa chás is go ndíuláitear don iarratas a bhí déanta acu ar institiúidí iasachtaithe príobháideacha, faoina Scéim Iasachta chun Teach a Cheannach.

### Cuid V - An Straitéis Tithíochta

Faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) chuathas faoi naoi gcomhshocrú trína ndearnadh foráil do Ranníocaí Airgeadais a íoc agus/nó d'aonaid a sholáthar ar an mbonn nach mbeadh iarmhairtí costais ann.

### An Scéim Iasachta chun Teach a Cheannach

Tá Scéim Iasachta chun Teach a Cheannach ar tairiscint ón gComhairle trína bhféadfaidh iarratasóirí cáilithe cáiliú le haghaidh cistiú morgáiste suas go 97% de chostas na maoinne go huasmhéid suime dar luach €200,000. Sa bhliain 2013 tugadh amach iasacht amháin chun Teach a Cheannach chun maoin a bhí ar cíos a cheannach faoin Scéim Tóg ar Cíos lena Cheannach.

### Scéimeanna Tithíochta Deonai

Cuireadh cistiú ar fáil le linn 2013 tríd an Scéim Cúnaimh Caipitil ar mhaithe le 2 aonad cóiríochta a sholáthar do dhaoine a

**Thíos:** Ardán Bhaile an Róistigh



tháinig faoi chatagóirí sonracha de riachtanas tithíochta (daoine gan dídean, daoine scothaosta agus daoine míchumasaithe).

### Cóiríocht do Phobal an Lucht Siúil 2013

Tháinig an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCÁCLS) le chéile cúig uaire in 2013; bhí Comhairleoirí, grúpaí thar ceann an Lucht Siúil agus oifigigh de chuid na Comhairle air.

Dréachtaíodh an Dréachtchlár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018. Bhí sé faoi bhráid an phobail le haghaidh comhairliúchán poiblí idir an 22 Deireadh Fómhair agus an 22 Nollaig, 2013. Rinneadh daonáireamh agus measúnú ar riachtanais phobal an Lucht Siúil áitiúil i Meán Fómhair d'fhonn tacú leis an Dréachtchlár.

Tugadh faoi chlár mionobreacha cothabhála beartaithe ar thithíocht shonrach don Lucht Siúil.

Críochnaíodh an obair athchóirithe go hiomlán ar láithreán stad 3 chuas i bPáirc na Saighdiúirí agus na Mairnéalach, Baile na Manach.

In 2013, líonadh seacht bhfolúntas ócáideacha a bhí sa stoc tithíochta sonraí don Lucht Siúil.

### Cothabháil Stoc Tithíochta an Údarais Áitiúil

An 31 Nollaig 2013, bhí thart ar 4,210 teaghais sa stoc a bhí ligthe ar cíos ag an gComhairle. Fuarthas 5,619 n-iarraidh san iomlán ar chothabháil sa bhliain 2013.

Is i bhfeabhas atá bail stoc tithíochta na Comhairle ag dul de bharr gur tógadh/athchóiríodh líon mór aonad sna 5/10 mbliana seo caite agus freisin de bharr clár cothabhála beartaithe a bheith againn, clár atá ar bun fós. Tá líon áirithe creataí i

bhfeidhm anois le conraitheoirí speisialaithe ceadaithe rud a chinntíonn, le cois an atheagraithe atá ar bun ar aonad saothair dhírigh na Comhairle, go bhfaightear an luach is fearr ar an airgead i gcónaí.

### **An Scéim Cóiríochta ar Cíos**

Cuireadh tús leis an Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCarC) i gComhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin i Lúnasa 2006.

Líon tionóntaí tiarnaí talún príobháideacha, aistrithe chuig an Scéim an 31 Nollaig 2013 – 388

Líon tionóntaí Deonacha, aistrithe chuig an Scéim an 31 Nollaig 2013 – 146

### **Soláthar**

Táthar ag leanúint leis an soláthar tógála i ndáil le riachtanais na Rannóige Tithíochta agus le cur i ngníomh na bhfoirmeacha nua rialtais le haghaidh conarthaí. Rinneadh soláthar do thionscadail dar luach idir €0.1 milliún suas go €3.5 milliún, mar shampla rinne an Chomhairle réamhcháiliú ar líon áirithe conraitheoirí tríd an bpróiseas ríomhthairisceana. Áirítear iad seo a leanas leis an sampla de chreataí:

- Suiteálacha Trealamh Téimh agus Pluiméireachta
- Suiteálacha Trealamh Leictreach
- Oibreacha Cothabhála Seachtracha a bhíonn beartaithe
- Obair Feabhsúcháin ar Chórais Fuinnimh

### **Cothabháil Ábhair Dín**

Ó 2008 i leith sholáthair an Chomhairle deich gcreat faoinar cumhdaíodh gach gné de na riachtanais oibre de réir mar a bhí siad ag teacht chun cinn sa Rannóg Tithíochta.

Is é seo a leanas an glantoradh don Chomhairle de bharr na gcreataí seo a bheith curtha i bhfeidhm:

### **Luach ar airgead don Chomhairle**

Tionscadail a bhí ar an gclár críochnaithe agus coinnithe taobh istigh den tsriantacht bhuiséid.

Próiseas tairisceana oscailte agus follasach.

## **Forbairt Pobail**

Sholáthair an Rannán Pobail seirbhís chomhairleach chuimsitheach don bhreis is 400 eagraíocht atá bunaithe sna pobail ar fud an Chontae agus bhí sé fós ina phointe teagmhála, eolais agus tacaíochta do na pobail áitiúla.

### **Deontais Pobail**

Tugadh amach €140,851 do ghrúpaí pobail faoin Scéim Deontas Pobail, a bhfuil sé de chuspóir léi cabhrú le grúpaí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla trí chabhair airgid a ofráil dóibh. Bronnadh deontais ar raon éagsúil grúpaí pobail ar mhaithe le tionscnaimh a bhunófaí sa phobal a chur chun cinn.

Bronnadh deontas €23,700 faoi na Deontais do na Tionscadail Samhraidh do 26 ghrúpa chun cláir mhaoirsithe de

ghníomhaíochtaí áineasa agus oideachais a chistiú. Cláir do dhaoine óga a bhí i gceist agus bhí siad ar siúl ar feadh líon áirithe seachtainí as a chéile i rith an tSamhraidh. Ba ar rannpháirtíocht an phobail a bhí an bhéim sna Tionscadail Samhraidh mar aon le hacmhainní agus grúpaí a fhorbairt sna ceantair áitiúla.

### **Fostaíocht Pobail**

Rinne an Chomhairle, tríd an Rannán Pobail, urraíocht ar 3 Scéim Fostaíochta Pobail ar a raibh 108 bhfoghlaimeoir. Thugadar tacaíocht fhónta do phobail ar fud fad an Chontae agus rachaidh an tairbhí a fuair siad chun tairbhe dóibh chun fostaíocht lánaimeartha a fháil.

Ba 34% ar an meán d'fhoghlaimeoirí ar éirigh leo fostaíocht a fháil tar éis na scéime agus chuaigh 31% eile díobh le hoideachas.

### **Imeachtaí Pobail**

D'eagraigh an Rannán Pobail líon áirithe imeachtaí chun Féile na Bealtaine a cheiliúradh, agus áirítear leo sin an dráma do dhaoine scothaosta an Chontae a bhí ar siúl in Amharclann an Phailliúin. Bhí Damhsa an Tae Bhig ar siúl in Ionad Pobail Áth an Ghainimh.

Taispeántais in 4 ionad pobail ar fud an Chontae bhí i gceist le Duaiseanna Pobail 2013 mar aon le Searmanas ar leith le haghaidh Bhronnadh na Duaiseanna. Chuir go leor leor pobal isteach ar na duaiseanna arís eile agus bhí 80 grúpa beagnach san iomaíocht lena n-aghaidh.

Thug an Rannán Pobail lámh chúnta freisin chun Rás Pobail 5k dlr a eagrú agus a chistiú; rith os cionn 800 duine sa rás i bPáirc Chill Bheagóige.

### **Saoráidí Pobail**

Bhí an Rannán Pobail fós freagrach sa bhliain 2013 as líonra breis is 30 saoráid phobail ar fud an Chontae, agus chuir sé áiteanna ar ardchaighdeán ar fáil le haghaidh réimse leathan agus éagsúil de ghníomhaíochtaí pobail agus de sheirbhísí.

### **Tacaíocht do Ghrúpaí**

Sa bhliain 2013, cuireadh tús le Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) a bhunú. Tionóladh líon áirithe réamhchruinnithe le páirtithe leasmhara agus d'fhreastail baill foirne ar líon áirithe seisiún eolais sular dréachtaíodh moltaí chun an Coiste a bhunú.

Thacaigh Oibrí Pobail agus Foghlaimeoir FP leis an Líonra do na Daoine Scothaosta chun cuidiú leo a bplean don bhliain a chur i gcrích. Bhí 10 gcruinniú den Choiste Líonra agus 20 cruinniú den Fhochoiste ann i rith 2013.

Lena chois sin déanann baill foirne as an Rannán Pobail ionadaíocht thar ceann na Comhairle ar Bhoird agus ar Choistí Bainistíochta éagsúla ar mhaithe le comhairle agus tacaíocht a thabhairt.

### **Bainistíocht Eastáit**

Lean an Chomhairle ar aghaidh, tríd an gclár Bainistíochta Eastáit, ag obair le 12 fhóram bainistíochta eastáit agus ag forbairt acmhainne go háitiúil trí oiliúint, tacaíocht agus cistiú.



Bronnadh gradaim ar Fhóraitm Bainistíochta Eastáit Fhoirgnimh Ghlas Tuathail, Pháirc Áth an Ghainimh-Bhearna, Moreen-An Draighean agus Chlós Bhaile na nGabhar ag bronnadh gradam na gCeantar Slachtmhar 2013.

Chomh maith leis sin thug baill Fhóram Bainistíochta Eastáit Chill an Chroaire Duais na Maor Bruscair leo.

### An Fóram Pobail agus Deonach

Tacaíonn an tAonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú le forbairt leanúnach Fhóram Pobail agus Dheonach DLR. Ardán is ea an fóram d'eagraíochtaí na hearnála pobail agus deonaí chun saincheistanna tábhachtacha áitiúla a aithint agus chun rannpháirtíocht phobail éifeachtach a chur chun cinn ar struchtúir rialachais áitiúla.

Príomhghníomhartha 2013:

- Próiseas Toghcháin oscailte éascaithe chun Feidhmeannas an Fhóraitm a bhunú
- Tacaíocht tugtha don Chomhairle Contae chun 'An Tóstal' a chur chun cinn agus a riar
- Tacaíocht tugtha maidir le Rannpháirtíocht an Phobail ar an mBord Forbartha Contae agus ar struchtúir rialachais eile

### Comhairle na nÓg

Is é an tAonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú a stiúirann cur i ngníomh chlár Chomhairle na nÓg i nDún Laoghaire - Ráth an Dúin.

- Ag obair di i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, (Seirbhís Óige Dhún Laoghaire, Lucht Siúil Dheisceart Bhaile Átha Cliath, agus scoileanna áitiúla etc.), feidhmíonn Comhairle

na nÓg mar fhóram do leanaí agus do dhaoine óga chun saincheistanna áitiúla agus náisiúnta a bhaineann leosan a phlé.

- Áirítear iad seo le príomhghníomhartha 2013:
- Chuir Comhairle 2 Lá Ceoil do Dhaoine Óga 'CORE' ar siúl sa Grainstore (Saoráid na nEalaíon don Óige dlr), an 28ú agus 29ú Meitheamh
- Ghlac ionadaithe ó Chomhairle Dhún Laoghaire páirt i nDáil na nÓg
- Cuireadh líon áirithe gníomhartha i ngníomh maidir le ceist na gCostas Iompair ar Dhaoine Óga
- An tAonad um Chuimsiú Sóisialta
- Féachann an tAonad um Chuimsiú Sóisialta le feachtas a spreagadh agus le cuspóirí an Chuimsithe Shóisialta a chur chun cinn i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus oibríonn sé i gcomhpháirtíocht le rannóga eile na Comhairle chun cuspóirí an chuimsithe shóisialta a neadú sna próisis chinnteoireachta i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Tugann an tAonad um Chuimsiú Sóisialta tacaíocht d'aon eagraíocht ar mian léi oibriú leis an gComhairle ar ábhair a bhíonn bainteach le Cuimsiú Sóisialta. Oibríonn ACS i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí agus le grúpaí seachtacha, le rannóga eile na Comhairle agus le gníomhaireachtaí poiblí (e.g. Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Fóram DLR um an Imeachadh, Pobal, An Bord Oideachais agus Oilíúna etc.) chun gníomhaíochtaí a chuireann forbairt pobal uilechuimsitheach agus inbhuanaithe chun cinn a phleanáil agus a eagrú.
- Áiríodh iad seo le príomhghníomhartha 2013:

**Thíos:** Damhsa an Tae Bhig, Ionad Pobail Áth an Ghainimh



- Bhain clár a bhí lomlán d'imeachtaí leis an tseachtain um Chuimsiú Sóisialta 12 - 19 Deireadh Fómhair, 2013 Bhí líon áirithe gníomhartha nua ag gabháil leis i mbliana amháin an ócáid chun fáilte a chur roimh Shaoránaigh Nua, Comórtas do Scoileanna, Seimineár ar Saincheisteanna a bhain le Daoine Scothaosta.
- Chuidigh sé chun cur le próifíl Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar áit ina bhfuil cuimsiú sóisialta ag tarlú.
- Bhí tacaíocht le fáil uaidh chun Fóram um Mionlaigh Eitneacha DLR a fhorbairt.
- D'éascaigh sé Coiste Stiúrtha Idirghníomhaireachtaí DLR don Lucht Siúil.
- Chabhraigh sé le Fáilte Isteach a gclár tacaíochta teanga a bhunú i nDún Laoghaire.
- An Clár RAPID
- 51 clár RAPID atá sa tír agus tá ceann amháin i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is é an tAonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú a stiúran cur i ngníomh an chlár RAPID i DLR. Féachann an clár leis an gcaighdeán saoil a fheabhsú do na cónaitheoirí i mBaile Uí Lachnáin, i Seanchill agus sa Bhaile Breac trí chomhordú a fheabhsú agus trí chur leis an soláthar seirbhíse áitiúil.
- Áiríodh iad seo le príomhghníomhartha 2013:
- Thacaigh Tascghrúpa Oideachais RAPID leis an tionscadal nuálach "Maths Eyes" a chur i bhfeidhm sa Bhaile Breac; bhí 500 leanbh páirteach ann.
- Thacaigh RAPID leis an Nuachtlitir "Pobail ag Oibriú le Chéile" a fhorbairt mar thionscadal idirghníomhaireachtaí, chun cumarsáid le cónaitheoirí áitiúla sa limistéar RAPID a fheabhsú.
- Lean RAPID dá thacaíocht do Thionscadal Ghairdín Pobail Sheangánaí i gcomhar le Tionscadal Forbartha Pobail Sheangánaí agus le cónaitheoirí áitiúla.
- Sheol Tascghrúpa Tacaíochta Teaghlaigh RAPID sraith de thrí sheimineár théamacha i gcomhair cleachtóirí agus soláthraithe seirbhíse in 2013.
- An Oifig Rochtana / do Dhaoine faoi Mhíchumas
- D'ofráil an tAonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú comhordú, cabhair agus treoir do dhaoine faoi mhíchumais a bhí ag iarraidh teacht ar sheirbhísí a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil agus tá sí fós ag gníomhú mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumais a dteastaíonn uathu teacht ar sheirbhísí den sórt.
- D'ofráil Coiste Comhairliúcháin DLR um Míchumas comhairle agus tacaíocht don Chomhairle ar líon áirithe tionscadal poiblí tábhachtach in 2013.
- Forbairt Shóisialta agus Cuimsiú
- Ba é an ról ba mhó a bhí ag an Aonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú sa bhliain 2013 raon tacaí a fhorbairt do phobail agus d'eagraíochtaí a fhéachann le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin níos uilechuimsithí go sóisialta a chur chun cinn.
- In 2013 thacaigh an tAonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú le struchtúr don phleanáil straitéiseach agus don chomhordú a fhorbairt a aithneoidh saincheisteanna tábhachtacha a mbeidh tosaíocht le tabhairt dóibh i dtaca le forbairt shóisialta agus le cuimsiú sóisialta sa Chontae agus chuir sé gníomhartha comhoibríocha chun cinn in éineacht leis na heagraíochtaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.
- An Bord Forbartha Contae
- Thug an tAonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú cúnaimh leis an gcomhordú, leis an éascú agus leis an tacaíocht riaracháin don Bhord Forbartha Contae in 2013 trí raon leathan fóram agus meicníochtaí don chomhoibriú chun gníomhartha ollghníomhaireachtaí arna lua i bPlean Forfeidhmithe Ghníomh Straitéiseach an BFC a chur i gcrích.
- Bhíothas chun an Bord Forbartha Contae a dhíscaoileadh mar chuid den Bheartas um Athchóiriú Rialtais Áitiúil – Tús Áite do na Daoine, ach ní raibh an reachtaíocht iomchuí a bhaineann leis an díscaoileadh tionscanta mar a bhí an 31 Nollaig.
- Tháinig an Coiste um Forbairt Shóisialta agus um Chuimsiú de chuid an Bhoird Forbartha Contae le chéile go rialta in 2103 agus chuir sé raon príomhghníomhartha chun cinn.
- An Comhchoiste Póilíneachta / Na Fóraim Póilíneachta Áitiúla
- Déantar foráil in Acht an Gharda Síochána, 2005 do bhunú Comhfóraim Póilíneachta agus Fóraim Póilíneachta Áitiúil ag leibhéal contae. Stiúran an tAonad um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú cur i ngníomh struchtúr an Chomhchoiste Póilíneachta agus struchtúr na dtrí Fhóram Póilíneachta Áitiúla i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Áiríodh iad seo le príomhghníomhartha 2013:
- Éascaíodh cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta
- Bunaíodh an dara Fóram Póilíneachta Áitiúil i limistéir Áth an Ghainimh / na Céime den Chontae.
- Bunaíodh tionscnamh tionscadail faoi SARA dírithe ar lár Dhún Laoghaire.
- Ceadaíodh cur le córas TCI Lár an Bhaile

# An Rannóg Seirbhísí Dlí

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Dlí seirbhís ghníomhach agus riachtanach inmheánach do rannóga uile na Comhairle agus do chleamhnaithe na Comhairle. Tá stór mór saineolais ag an Rannóg i ngach aon réimse de dhlí, cleachtas agus riarachán rialtais áitiúil.

Áirítear iad seo a leanas leis na seirbhísí iomadúla agus éagsúla atá ar fáil ón Rannóg Seirbhísí Dlí:

- Comhchomhairle le bainistíocht agus le foireann na Comhairle
- Rannpháirtíocht agus ról gníomhach i bhforbairt mórthionscnamh de chuid na Comhairle, i gcur i ngníomh beartas agus i soláthar seirbhísí
- Forghníomhú cód agus bainistiú saincheistanna dlíthíochta
- Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh
- Fiosruithe Poiblí
- Saincheistanna bainteach le Rialachas Corparáideach
- Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh
- Tíolacadh agus bainistíocht
- Gnáthchomhairlí

Bíonn foireann na Rannóige, i mbun a cuid oibre di, i dteagmháil go rialta thar ceann na Comhairle le ranna Rialtais, leis An tSeirbhís Chúirteanna, leis An Údarás Clárúcháin Maoine agus le haturnaetha, abhcóidí agus sainchomhairleoirí iomadúla eile.

Ag féachaint go cuí do na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Corparáideach na Comhairle, tugann an fhoireann faoi ghairmoiliúint agus faoin oiliúint san fhorbairt ghairmiúil, bíonn cruinnithe ar siúl go rialta le rannóga is cliaint agus déantar athbhreithniú go rialta ar ár nósanna imeachta agus ar ár gcórais, agus is cuid iad na nithe sin go léir den mheastóireacht agus den fheabhsú leanúnach ar an tseirbhís a thugtar dár gcliaint.

Úsáidtear an Córas Bainistíochta Cáis atá cothrom le dáta i dteannta an Deachtaithe Dhigitigh le linn próiseáil agus bainistíocht na dteagasc rud a chinntíonn go soláthraíonn an Rannóg seirbhís éifeachtach agus fhorásach dá rannóga uile is cliaint. Uirlis éifeachtach atá sa Chóras Bainistíochta Cáis mar go gcuideíonn sé leis an soláthar seirbhíse i ndáil le ról na Rannóige cóid a fhorfheidhmiú, rátaí tráchtála a aisghabháil agus i ndáil leis na gnáthábhair dlíthíochta agus tíolactha.

Bhí ardú beag sa líon ábhar bainteach le tíolacadh ar dhéileáil an Rannóg leo an bhliain seo caite ach bhí an t-ardú a tharla le blianta beaga anuas ar líon na n-éileamh dlíthíochta agus cointinneach le sonrú i gcónaí.

Déanann na Seirbhísí Dlí athbhreithniú agus faireachán go leanúnach ar na córais chun cinntiú go ndéantar na cásanna agus na héilimh uile a bhainistiú go héifeachtach.



**Thuas:** An Bhratach don Fhéile Leabhar, Ó Bheanna go Muir

# An Rannóg Pleanála agus Fiontar

## An Rannóg Pleanála

Is í an Rannóg Pleanála atá freagrach as forálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) agus an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a chur i ngníomh.

Áirítear leis an obair sin athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm faoi láthair agus Plean Forbartha nua a dhéanamh gach sé bliana, Pleananna Limistéir Áitiúil a dhéanamh agus a chur i ngníomh, iarratais ar chead pleanála a mheas, forbairt leanúnach a rialú, reachtaíocht phleanála a fhorfheidhmiú, agus comhairle a thabhairt maidir le hábhair bainteach le pleanáil maille leis an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a fhorfheidhmiú.

### Táscairí Seirbhíse um Rialú Forbairtí

Ba 1,107 an líon iarratas pleanála a fuarthas in 2013 agus b'ionann sin agus ardú 17.9% ar fhigiúr na bliana 2012.

Ba 984 an líon iarratas pleanála bailí a ndearnadh cinneadh maidir leo.

Ba 111 an líon iomlán cinntí a d'eisigh An Bord Pleanála in 2013 i ndáil le hachomhairc. D'athraigh/sheas An Bord Pleanála le cinneadh an Údaráis Pleanála i gcás 77 gcinneadh (69.4%) den líon sin agus mhalartaigh an Bord cinneadh an Údaráis Pleanála i gcás 34 chinneadh (30.6%) den líon sin.

**Thíos:** Ionad Eolais do Thurasóirí

Sa bhliain 2013 bhí 7 dtogra de chuid na Comhairle Contae maidir le tabhairt faoi fhorbairt faoi réir ag próiseas comhairliúcháin phoiblí a ndéantar foráil dó faoi Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt, 2001.

### Forfheidhmiú

Osclaíodh 223 chomhad nua san iomlán in 2013.

Réitíodh 145 chás san iomlán i gcaitheamh na bliana trí idirbheartaíocht.

Eisíodh 237 litir rabhaidh.

Eisíodh 32 Fhógra Forfheidhmithe.

Tionscnaíodh 113 ionchúiseamh.

### Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Sa bhliain 2013 fuarthas 132 iarratas ar Dhearbhú nó ar Tharchur, faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Cuireadh sé iarratas ar aghaidh chuig an mBord Pleanála le haghaidh athbhreithnithe.



## An Plean Forbartha Contae

Ráiteas scríofa agus sraith de 14 léarscáil atá sa Phlean Forbartha. Leagtar amach gnáthbheartas na Comhairle d'fhorbairt an Chontae sa ráiteas scríofa. Áirítear leis caighdeán mhionsonraithe maidir le forbairt a rialú agus cuspóirí sonracha do limistéir éagsúla.

Léirítear ar na léarscáileanna na forálacha criosúcháin atá sa Phlean i ndáil le húsáid talún, cláir na mbóithre agus cuspóirí eile amhail caomhnú crann agus caomhnú déanmhas is díol suntais ó thaobh na seandálaíochta de. Féachtar sa Phlean le soláthar do leas chónaitheoirí an Chontae sa todhchaí trí chuidiú le fás na fostaíochta trína chinntiú go mbeidh dóthain talún criosaithe ar fáil faoi chomhair riachtanais réamh-mheasta, trí mhianach an chomhshaoil a chosaint agus trína chinntiú go soláthrófar an bonneagar is gá.

Téama seasta sa Phlean is ea an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Aithnítear sa Phlean freisin an gá atá le comhoibriú leis an Údarás Réigiúnach, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le freastal ar riachtanais Réigiún Bhaile Átha Cliath.

## Athruithe

Sa bhliain 2013, moladh 3 athrú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae 2010-2016 mar a leanas:

- Athrú Uimh. 12 - Bóthar na Potaireachta agus Ascaill Bhaile an Róistigh.
- Athrú Uimh. 14 - Plás Montpellier, Cnoc an Teampaill, An Charraig Dhubh- Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- Athrú Uimh. 15 - Bailtíní an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh - Limistéar Caomhantais Ailtireachta

Glacadh gach aon cheann de na 3 Athrú.

## Pleananna Limistéir Áitiúil

Tá cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae 2010-2016 i dtaobh líon áirithe Pleananna Limistéir Áitiúil/Criosanna Forbartha Straitéisí a ullmhú.

I rith 2013

- glacadh Plean Limistéir Áitiúil Chill Tiarnáin/Ghleann na Muc (Leasaithe), Meán Fómhair, 2013.
- Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní (CFS) - Reachtáil An Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal san Earrach 2013.

## Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Ceadáiodh dhá Limistéar Chaomhantais Ailtireachta i gcaitheamh 2013, mar seo a leanas:-

- Plás Montpellier, Cnoc an Teampaill, An Charraig Dhubh.
- Bailtíní an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh.

Leanadh ar aghaidh leis an measúnú ar na trí Limistéar Chaomhantais Ailtireachta seo a leanas:-

- An Bóthar Trasna, An Charraig Dhubh.
- Bailtíní Sydenham, Bóthar Sydenham agus Ardán Campfield, Dún Droma.
- Cearnóg Arkle, An Fia, Baile na Lobhar.

## An Scéim Ranníocaí Forbartha (Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha 2010 – 2017 faoi Alt 48 an 14 Nollaig 2009. An 14 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha 2013- 2015 leasaithe faoi Alt 48 faoinar laghdaíodh go suntasach na ranníocaí ab infheidhme.

## An Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha (Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha faoi Alt 49 an 13 Eanáir 2003. Ceanglaítear léi go n-íocfaí ranníoc

**Thíos:** Oibreacha atá beartaithe - Folcadáin Dhún Laoghaire



airgeadais i leith an chostais a bhaineann le síneadh a chur le Líne B den Luas ó losta Áth an Ghainimh go Coill na Silíní, is é sin Líne B1 den Luas.

### **An Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha (Alt 49 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 -2006)**

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha faoi Alt 49 an 10 Samhain 2008 ar mhaithe leis an bhforbairt ar Scéim Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus ar an Scéim Linnte, Tanúchán Uisce Dromchla, a mhaoiniú.

## **An Rannán Rialaithe Foirgníochta**

Is é Rannán Rialaithe Foirgníochta na Rannóige Pleanála atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007 mar aon leis na Rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin.

Déanann an Rannán Rialaithe Foirgníochta faireachán ar thart ar 15% de na hoibreacha foirgníochta nua go léir a gcuirtear tús leo sa Chontae gach bliain maidir le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta, ach is ar na húinéirí agus na tógálaithe go príomha, áfach, a thiteann an fhreagracht maidir lena gcomhlíonadh.

Comhordaíonn an Rannán Rialaithe Foirgníochta an próiseas reachtúil a bhaineann le tógáil i gcúram bóithre i bhforbairtí nua a chomhordú. Áirítear leis an bpróiseas faireachán a dhéanamh ar chríochnú bóithre, seirbhísí, soilsiú poiblí agus spásanna oscailte i bhforbairtí nua fad is a bhíonn na hoibreacha forbartha ag dul ar aghaidh. Nuair a bhíonn an fhorbairt críochnaithe déantar cigireacht eile chun cinntiú go gcomhlíonann na hoibreacha suímh caighdeáin na Comhairle i ndáil leis an tógáil i gcúram mar atá leagtha amach in “Oibreacha Forbartha i Limistéir Chónaithe agus Thionsclaíochta” (Treoir dhoiciméad).

Thóg an Chomhairle 5 eastát san iomlán i gcúram in 2013.

### **Na Rialacháin Foirgníochta.**

Tháinig líon áirithe ceanglas reachtúil sa bhreis i bhfeidhm leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, (Leasú), 2009 faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Tháinig na Rialacháin in éifeacht i nDeireadh Fómhair 2009 agus forordaítear iontu na nósanna imeachta maidir leis na bearta deimhniúcháin nua i leith:

- Fógra Seacht Lá
- Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha
- Deimhniú um Shábháilteacht ar Dhóiteán, leasaithe.

Tháinig na Deimhnithe Rochtana Míchumais agus na Deimhnithe Athbhreithnithe Rochtana Míchumais in éifeacht i mí Eanáir 2010.

### **Deimhnithe Rátála Fuinnimh Foirgnimh [RFF]**

Tá an Chomhairle freagrach as an bhfaireachán ar na Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006, IR Uimh. 666 de 2006. Déanann Rialú Foirgníochta faireachán ar fhoirgnimh nua chun cinntiú go mbíonn RFF faighte ag an bhfoirgneamh

sula n-áitítear é. Is é nós na Comhairle cuairt a thabhairt ar ghníomhairí eastáit/ceantálaithe sa Chontae, a ghníomhaíonn ar son díoltóirí. Ní mór d’fhoirgneamh nua cónaithe nó tráchtála, nó d’fhoirgneamh atá ann cheana atá le ligean nó le díol RFF a bheith aige sula n-áitítear é. Tá an Chomhairle sásta lena mhéid is a chomhlíontar an reachtaíocht maidir leis an Deimhniú Rátála Fuinnimh Foirgnimh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

I gcás is nach mbeifear ag comhlíonadh na Rialachán, tionscnóidh an Chomhairle imeachtaí forghníomhaithe.

### **Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbairtí Tithíochta atá ag dul ar aghaidh**

Foilsíodh “Réiteach a fháil ar Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe” i mí Iúil 2012. Is tuarascáil ar dhul chun cinn í ar ghníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar cheist na bhforbairtí tithíochta nár críochnaíodh.

D’ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Gníomhaireacht do Thithe an tuarascáil tar éis suirbhé a rinneadh i samhradh na bliana 2012.

Tugtar breac-chuntas sa Tuarascáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáiríre agus ar an dul chun cinn is gá a dhéanamh agus atá dírithe go háirithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais na gcónaitheoirí atá ina gcónaí sna forbairtí sin.

Tá an Chomhairle sásta ó tharla go ndearnadh cigireacht ar na mórálaithe sa Chontae nach ann do shaincheisteanna suntasacha maidir leis na hoibreacha fóntais áitiúil (i. bóithre, soilsiú, uisce agus draenáil, etc.) ar na láithreacha seo.

Ba 22 eastát a bhí fágtha gan chríochnú sa Chontae i dtús 2013. I rith na bliana, rangaíodh 6 cinn de na forbairtí sin mar fhorbairtí críochnaithe agus baineadh de liosta na RCPRÁ iad ina dhiaidh sin, rud a fhágann gur 16 an comhaireamh iomlán anois.

Tá an Rannán Rialaithe Foirgníochta fós gníomhach i mbun faireacháin ar na heastáit atá inár ndlínse agus bíonn comhráite aige go leanúnach leis na forbróirí faoi seach, nó lena ngníomhairí chun cinntiú go ndéanfar cothabháil shásúil ar na heastáit seo.

### **Meastóireacht Leanúnach agus Feabhsú Seirbhísí**

Tá tús curtha le haighneachtaí a fháil le ríomhphost agus le hiocaíocht le cárta creidmheasa/léasair.

Táthar tar éis córas nua T.F. a thabhairt isteach i gcomhair na Ranníocaí Forbartha rud a chuireann go mór le héifeachtúlacht, go háirithe i gcás bailiú fiach.

Tá an Rannóg Pleanála fós ag spreagadh an phobail páirt níos mó a ghlacadh inár bpróisis, go háirithe sna próisis reachtúla, trí sheisiúin faisnéise a fhógraítear go forleathan a bheith ann agus trí shuíomh gréasáin na Comhairle a úsáid chun go mbeidh sé níos éasca aighneachtaí bainteach leis an bPlean Forbartha a dhéanamh ar líne. Neartaíonn bearta den sórt an daonlathas áitiúil agus rannpháirtíocht an phobail i mórphróisis chinnteoireachta agus lena chois sin cuireann siad leis an gcumarsáid leis an bpobal agus treisíonn siad a rannpháirtíocht

## An tAonad Fiontar

Bhunaigh an Chomhairle Aonad Fiontar dá cuid féin in Eanáir 2013 agus é d'aidhm leis tacaíocht níos fócasaithe a sholáthar do ghnóthais a bhíonn i dteagmháil leis an gComhairle faoi raon ábhar.

Leagann an Chomhairle béim ar thosaíocht a thabhairt do thimpeallacht fabhrach do ghnó a fhorbairt i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ar na bealaí seo a leanas:

- An áit a bheith fíortharraingteach do dhaoine le bheith ag maireachtáil, ag obair agus ag tabhairt cuairte air.
- Seirbhísí éifeachtacha a bhíonn ríthábhachtach d'oibríochtaí gnó a sholáthar, mar shampla bonneagar bóithre, soláthar uisce, diúscairt dramhuisce agus comhshaol áitiúil glan agus insroichte a bhainistiú.
- Oibriú le grúpaí gnó eagraithe chun na limistéir mhiondíola agus thráchtála sa Chontae a chur chun cinn.
- Dul chun cumarsáide le gnóthais i ndáil lena riachtanais ó thaobh eolais agus tacaí eile de ionas go n-éireoidh leo agus iad i mbun gnó sa Chontae.

Cuireann timpeallacht a bhíonn fabhrach do ghnó borradh faoin bhforbairt agus faoin bhfás eacnamaíoch go háitiúil. Tarlaíonn an toradh dearfach seo de bharr fachtóirí go leor a bheith ag obair le chéile, fachtóirí nach mbíonn roinnt mhaith díobh faoi rialú na Comhairle. Dá bhrí sin sa bhliain 2013, chuaigh an Chomhairle i gcomhar le páirtithe leasmhara eile sna gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíocha seo a leanas trí:

- Oibriú le húdarais sa chomharsanacht d'fhonn forbairt eacnamaíoch réigiúnach a éascú laistigh den Chreatphlean

um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath.

- Oibriú le Fáilte Ireland agus le soláthraithe turasóireachta áitiúla chun margáíocht a dhéanamh ar tháirgí turasóireachta áitiúla mar aon le nithe is díol suntais mar chuid de bhranda turasóireachta Bhaile Átha Cliath.
- Oibriú le gníomhaireachtaí tacaíochta fiontar áitiúil, le gníomhaireachtaí stáit agus le grúpaí gnó a bhfuil sé mar théarmaí tagartha eatarthu gnóthais nuathionscanta agus fás na gnóthas atá seanbhunaithe sa Chontae a éascú.
- Oibriú le cathracha agus le Comhairlí eile mar chomhpháirtithe ar mhaithe le cur chun cinn tionscadal arna gcistiú ag an AE atá dírithe ar an gContae a chur chun cinn ar bhonn níos forleithreachaí.

## Áiríodh iad seo a leanas lenar baineadh amach in 2013:

### Cumarsáid le Lucht Gnó

Ceann de phríomhchuspóirí an Aonaid is ea an chumarsáid idir an Chomhairle agus gnóthais sa Chontae a fheabhsú. Pleanáladh, dearadh agus lainseáladh suíomh gréasáin nua le haghaidh Seirbhísí Eolais Gnó a bhfuil sé d'aidhm leis eolas tábhachtach a thabhairt ar cheithre théama eolais leathana eadhon

- Eolas do ghnóthais nuathionscanta (lena n-áirítear comhairle agus eolas faoin gcaoi le gnó a thosú agus faoi cibé gníomhaireachtaí sa Chontae a fhéadfaidh tacaíocht a thabhairt)

**Thíos:** An Tóstal - Cuairt ó Mhic Léinn Ealaíne as an tSín



- Eolas do ghnóthais sheanbhunaithe (lena n-áirítear eolas faoi na foirmeacha agus na rialacháin go léir maidir le ceadúnais agus deimhniú)
- Eolas faoi na riachtanais bhonneagair a ghabhann le bheith i mbun gnó sa Chontae (ó Phleanáil go Seirbhísí Uisce go hlompar)
- Eolas faoi na ceanglais maidir le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil.

Chuidigh an tAonad freisin le gnóthais mar féadadh glaoc air i dtús báire nuair a bhí ceisteanna le cur faoi na seirbhísí go léir a bhaineann leis an gComhairle.

### Limistéir Ghnó a Chur chun cinn

Clár 3.5 bliana arna chistiú faoi Chlár Interreg IVA na hÉireann-na Breataine Bige a bhí i dTionscadal BRAND ar a raibh Comhairle Contae Denbighshire ina príomh-chomhpháirtí agus ar a raibh trí chomhpháirtí eile lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Chuidigh an Tionscadal le páirtithe leasmhara i mbaile Dhún Laoghaire branda an bhaile a scrúdú agus a thabhairt chun suntais arís go sonrach trí raon gníomhartha ón gcur síos i scríbhinn go hardáin chumarsáide nua a fhorbairt agus ó mhargaíocht a dhéanamh ar imeachtaí go hambasadóirí a chur faoi oiliúint.

Sa bhliain 2010, sheol an Chomhairle Scéim Deontas um Chur chun cinn Limistéir Ghnó. Is é an príomhchuspóir atá léi tacú le grúpaí gnó chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí bolscaireachta a tharraingeoidh níos mó daoine isteach ina limistéir thráchtála/mhiondíola faoi seach. Fuarthas 24 iarratas san iomlán sa bhliain 2013. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail a chomhchistigh an Chomhairle – Féile Ealaíon an Gharráin Chnó in Ionad Siopadóireachta an Gharráin Chnó, Féile Beochana na Carraige Duibhe i mbaile na Carraige Duibhe, fógraíocht a dhéanamh ar thaitneamhachtaí Dheilginse agus Shléibhte Chill Mhantáin in irisí taistil chomh maith leis na himeachtaí do Lá Bloom i nDún Laoghaire, Cuas an Ghainimh agus Glas Tuathail agus sa Charraig Dhubh.

Bhunaigh an Chomhairle an chéad tobshiopa sa Chontae i dTeach na Páirce, Sráid Sheoirse, Dún Laoghaire, san Aibreán 2011. Is iad seo a leanas aidhmeanna Thionscnamh an Tobshiopa:

- An líon daoine a thagann isteach go Lár an Bhaile a ardú agus tuilleadh cuairteoirí a mhealladh isteach
- Poiblíocht a dhéanamh ar Lár an Bhaile
- Spás ar chostas íseal a thairiscint d'fhiontraithe agus d'fhiontair shóisialta chun smaointe nua a thabhairt chun cinn agus/nó margaí nua a fháil
- Maoine folmha a thaispeáint do thionóntaí féideartha

Tá ag éirí leis an gComhairle, trí Thionscnamh an Tobshiopa, an-tacaíocht a thabhairt do cheardaithe agus do dhearthóirí sa Chontae ó thaobh teacht ar níos mó margaí dá dtáirgí. Bhain 51 tionónta tobshiopa san iomlán tairbhe as an deis i dTeach na Páirce in 2013.

### Turasóireacht

Osclaíodh oifig nua, Oifig Eolais do Thurasóirí i Halla an Chontae i Meitheamh 2013. Bíonn an oifig seo oscailte le linn amanna a

fheileann do thurasóirí lena n-áirítear an deireadh seachtaine. Tugtar Eolas san oifig faoi chóiríocht, gníomhaíochtaí, imeachtaí, ionaid siopadóireacht agus fóillíochta uile an Chontae.

Bhunaigh Fáilte Ireland i gcomhar le ceithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath agus le páirtithe leasmhara eile (e.g. cuideachtaí poirt agus cuain agus Comhlachais Tráchtála) an Tascfhórsa Grow Dublin chun taighde a dhéanamh ar bhranda turasóireachta Bhaile Átha Cliath d'fhonn an branda a thabhairt chun suntais arís tar éis figiúirí turasóireachta a bheith ag titim leis an oiread sin blianta. Seoladh Destination Dublin i mí na Nollag 2013 de thoradh na hoibre. Straitéis nua atá ann chun Baile Átha Cliath a dhíol ar mhargaí na SA, na RA, na Gearmáine agus na Fraince mar 'phríomhchathair bheo bhríomhar atá ag cur thar maoil le heispéirís éagsúla gan súil leo - áit a mbisíonn saol na cathrach agus an saol allamuigh i bhfochair a chéile'.

Clár trí bliana arna chistiú faoi Chlár Interreg IVA na hÉireann-na Breataine Bige atá i dTionscadal na Turasóireachta Allamuigh ar a bhfuil Comhairle Contaebhuirge Conwy ina príomh-chomhpháirtí agus ar a bhfuil cúig chomhpháirtí eile lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is seisiúin thrialacha iad na gníomhartha insólathartha chun feacht an phobail a mhéadú maidir le gníomhaíochtaí turasóireachta allamuigh áitiúla; clár forbartha gnó do ghnólachtaí áitiúla atá ann cheana agus do ghnólachtaí áitiúla nua in earnáil na turasóireachta allamuigh; clár oiliúna agus printiseachta d'fhostaithe san earnáil; agus straitéis margaíochta agus plean gníomhaíochta chun an turasóireacht allamuigh áitiúil a chur chun cinn.

Chuir an Chomhairle tús le córas 'Eolas an Bhealaigh' do choisithe, córas a ceapadh agus réitíodh chun cuidiú le cuairteoirí ar a gcéad chuairt a mbealach a dhéanamh thart timpeall nithe is díol suntais le cósta sna háiteanna seo - An Charraig Dhubh, Baile na Manach, Dún Laoghaire, agus Cuas an Ghainimh/Glas Tuathail. Gabhann léarscáileanna ardsónraíochta agus comharthaí méar eolais atá bunaithe ar chórais chosúla i lár cathracha Eorpacha leis an gcóras.

### Comhoibriú Idirghníomhaireachtaí

Rinne an tAonad comhordú an Choiste um Fhorbairt Eacnamaíoch de chuid an BFC a éascú, coiste ar a raibh siad seo - bainistíocht shinsearach Bhord Fiontar Contae DLR, FÁS, An Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann agus Comhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.



# An Rannóg Iompair agus Seirbhísí Uisce

## Áirítear an méid seo a leanas le príomhghníomhaíochtaí na Rannóige Iompair:

- bóithre agus mótarbhealaí a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil
- acomhail a fheabhsú agus trácht a bhainistiú
- bearta tosaíochta do bhusanna a sholáthar
- áiseanna do choisithe agus áiseanna rothaíochta a chothabháil agus a fheabhsú
- áiseanna a fheabhsú do dhaoine maolghluaiste agus d'úsáideoirí faoi mhíchumas a bhíonn ar bóthar
- páirceáil agus rialú páirceála a bhainistiú
- bóithre a phleanáil
- iompar inbhuanaithe a chur chun cinn
- bearta bainteach le sábháilteacht ar bhóithre a thabhairt isteach maille le scéim um Iniúchóireacht agus um Chosc Timpistí
- an tseirbhís maor scoile a fheidhmiú

## An Rannán Rialaithe Páirceála

Tá an Scéim Rialaithe Páirceála, Íoc agus Taispeáin, á feidhmiú ag an gComhairle ar/i líon áirithe bóithre poiblí/carrchlós laistigh

dá limistéar riaracháin. Cuirtear an Scéim i bhfeidhm faoi na Fodhlíthe um Rialú Lochta 2007 go 2011 de chuid na Comhairle.

Tugadh isteach an Scéim Rialaithe Páirceála 'Íoc & Taispeáin' sna háiteanna seo a leanas in 2013:

- Bóthar Ghleann na Tulaí, de Thimpeallán Choill na Silíní
- An carrchlós ag Stáisiún DART Chill Iníon Léinín
- Bóthar an Stáisiúin, Cill Iníon Léinín
- Bóthar Stigh Lorgan [Óstán Montrose]
- An Cnoc, Stigh Lorgan

Eisíodh 32,025 fhíneáil sa bhliain 2013 de bharr coireanna a bhain le páirceáil agus trácht ar bhóithre.

Íocadh 21,325 fhíneáil páirceála bailí in 2013.

Ciontaíodh 621 duine sa Chúirt Dúiche de bharr nár íocadh fíneálacha páirceála i gcaitheamh 2013.

Chuaigh conraitheoir nua, ParkRite t/a DLR Parking Services, i mbun an Chonartha d'Fhorfheidhmiú na Rialachán Páirceála i mí Feabhra 2013.

## Oifig na dTionscadal Caipitil

Is iad seo a leanas na mórscéimeanna caipitil atá á ndearadh/á dtógáil nó a chríochnaigh an Chomhairle le deireanas agus a chistigh An Roinn Iompair.

**Thíos:** Obair Bhaile do Thiománaithe



### Scéimeanna atá á dtógáil / atá críochnaithe:

- Bóthar Halla an Bhurtúnaigh
- Bóthar na Potaireachta
- Carrchlós an DART, Seanchill

### Scéimeanna atá ag Céim an Dearaidh:

- Feabhsúchán ar an tSlí Amach ó Pháirc Gnó Dheisceart an Chontae
- Athchumrú Bhóthar Ceangail agus Thimpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar
- Bóthar Ceangail BSL
- Droichead Coisithe agus Rothar ar an M50
- Rotharbhealach agus Cosán idir Gleann Bhríde agus Seanchill

### An Rannán Pleanála Iompair

- Tuairisc tugtha ar 705 iarratas pleanála
- Tuairisc tugtha ar 7 n-iarratas faoi Chuid 8
- Tuairisc tugtha ar 3 achomharc chuig an mBord Pleanála
- Os cionn 140 comhairliúchán réamhphleanála le hailtí, innealtóirí agus pleanálaithe ar mhaithe le dul chun cinn na n-iarratas pleanála a éascú
- Ionchur ón rannán Iompair i Scéim Pleanála CFS Choill na Silíní, i bPlean Limistéir Áitiúil Chill Tiarnáin/Ghleann na Muc agus i bPlean Limistéir Áitiúil na Carraige Duibhe agus i bPlean Limistéir Áitiúil Dhún Laoghaire..

### An Rannán Tráchtá, Sábháilteachta ar Bhóithre agus Taistil Inbhuanaithe

Cuireadh na scéimeanna seo a leanas chun cinn in 2013 faoin gCreat Infheistíochta de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) i réimse an Iompair Inbhuanaithe inar díriodh na bearta ar Rothaíocht agus ar Shiúlóid:

- Timpeallán Thúir Chill Iníon Léinín - An Chuid Deiridh de Críochnaithe (Baile na Manach go Bóthar Ceangail Dheilginse)
- Bóthar Ceangail do Choisithe agus do Rothair, Baile na Lobhar go dtí an Luas (Seanlíne Bhóthar Fhearchair) - Críochnaithe
- Ionad páirceála rothar UCD
- Bóthar Ceangail do Rothair idir UCD agus an Luas
- Spás don Chosc ar Charranna, UCD Belfield (cuid den bhóthar do bhusanna amháin)
- Cnoc an Teampaill, Acomhail na Carraige Duibhe - feabhsú bealaigh (do choisithe agus do rothair) - Réamhdhearadh agus comhairliúchán poiblí.
- Trasrian Túcánach ag an Silver Tassie, N11
- Bealach Rothaíochta agus cosán idir Gleann Bhríde agus Seanchill (Réamhdhearadh)
- Forbairt ar Líonra na mBealaí Rothaíochta
- Trasrian coisithe, Stáisiún an Luas i mBaile Uí Mhurchú go Sráidbhaile Aiken, Áth an Ghainimh
- Feabhsúcháin ar chosán na gcoisithe ar Bhóthar Sheangánaí / Bóthar an Choimín (Féidearthacht)
- Bealach Ceangail do Choisithe ó Stáisiún an Luas i mBaile Amhlaoibh go Dún Droma

**Thíos:** Scéim Feabhsúcháin Bhóthar na Potaireachta



- Dún Laoghaire - bearta bainistíochta tráchtá (Chun tosaigh den líne DART amháin)
- Sráidbhaile Stigh Lorgan - feabhsúcháin ar na líonraí iompair don tsiúlóid, rothaíocht, busanna agus don trácht i gcoitinne i Sráidbhaile Stigh Lorgan (Coincheap agus Treoir)
- Feabhsúcháin ar Bhóthar Wyattville - feabhsú bealaigh (Réamhdhearadh)
- Bóthar Frascati, An Charraig Dhubh - feabhsú bealaigh (Do Choisithe agus do Rothair) - Réamhdhearadh agus Comhairliúchán Poiblí.
- Saoráidí Páirceála Rothar in ionaid áitiúla ar fud an Chontae
- N11 - Feabhsúcháin ar an Acomhal ar Bhóthar Bhaile Sheáin (Dearadh agus Comhairliúchán Poiblí)
- N11 - Feabhsúcháin ar an Acomhal ag an gCrois Bhán (Dearadh agus Comhairliúchán Poiblí)
- Staidéar maidir le Rothair ar Cíos don Phobal, DLR (Staidéar Féidearthachta)
- Feabhsúcháin ar bhealach Rothaíochta Pháirc Stigh Lorgan (Dearadh Mionsonraithe agus Comhairliúchán Poiblí)
- N11 - (Páirc Stigh Lorgan - Bóthar na Grúdlainne) - Feabhsúcháin ar an mBealach Rothaíochta - Réamhdhearadh

Rinneadh dul chun cinn ar na scéimeanna seo a leanas in 2013 faoin gClár de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) chun Sábháilteacht a Fheabhsú ar Chostas Íseal le haghaidh oibreacha a dhéanamh ar Bhóithre Náisiúnta:

- An Príomhbhealach Náisiúnta N11 - (Tuarascáil ullmhaithe ar Athbhreithniú ar Shábháilteacht Acomhal)
- Ascaill Rinn na Mara - Roghanna dearaidh chun trí chuspóir a bhaint amach
- An chosaint teorann atá ar Ascaill Rinn na Mara a fheabhsú idir Gleann Brighton agus uimh. 48 Ascaill Rinn na Mara
- Áiseanna do choisithe agus do rothaithe a fheabhsú ar Ascaill Rinn na Mara idir Ascaill an Bhaile Nua agus Gleann Brighton (ag an Túr Martello)
- Soilsiú poiblí a chur suas feadh an bhealaigh rothaíochta agus coisithe (ar thaobh na farraige den Líne DART) ón Túr Martello go Dún Laoghaire
- Deis U-chasadh a dhéanamh ar C/Bhealach ó Dheas an N11 ag Séipéal Charraig an tSionnaigh

Rinneadh dul chun cinn ar na scéimeanna seo a leanas in 2013 faoin gClár de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) chun Sábháilteacht a Fheabhsú ar Chostas Íseal le haghaidh oibreacha a dhéanamh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla:

- Acomhal Bhóthar an Choláiste, Bhóthar na Gráinsí agus Bhóthar Ghráinseach an Araltaigh - (Uasghrádú Acomhail) - Dearadh.
- Bóthar na Carraige ag acomhal Ascaill Bhaile an Bhóthair (feabhsúcháin le haghaidh coisithe)
- Bóthar Bhaile Sheáin (Cosán a leagan)
- Bóthar an Teampail/Bóthar Wyattville (marcáil agus líniú agus uasghrádú acomhail)

- Ascaill na nÉan (Feabhsúcháin ar an gcosán)
- Páirc Braemor (Marcáil agus líniú agus feabhsúcháin ar raon na gcosán agus an cholbha)

### Comharthaí Tráchtá agus Córais Iompair Chliste

- Tugadh 8 n-acomhal eile sa Chontae isteach faoi SCATS, an riailchóras oiriúnaitheach tráchtá
- Rinneadh uasghrádú ar 20 trasrian Coisithe
- Rinneadh cothabháil ar 350 acomhal faoi shoilse tráchtá agus ar thrasrianta
- An Córas Bainistíochta Fabhtanna Soilse - lena n-áirítear ceangal isteach leis an ionad Rialaithe Tráchtá Réigiúnach ón 20ú Bealtaine - SAORGHLAO 1800 29 39 49
- Fabhtanna Soilse tuairiscithe go huathoibríoch don Chonraitheoir i ndáil le 70% de na hacomhail shoilsithe
- Tuilleadh ceamaraí tráchtá curtha leis an gcóras TCI - 6 cinn nua, 37 n-aonad sa líonra anois
- Córais Iompair Chliste - Tuarascáil ar Bhainistíocht Chóras Snáithín an Chontae
- Córais Iompair Chliste - Tuarascáil ar Bhainistíocht Chomhartha Teachtaireachtaí Dinimiciúla (VMS) an Chontae

### Acomhail a uasghrádaíodh

Uasghrádaíodh na hacomhail seo a leanas as acmhainní Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin féin:

- Bóthar an Choláiste / Bóthar na Gráinsí - Comhairliúchán Poiblí críochnaithe
- An Fhothair Dhomhain (Br. Chill Mochuda Uachtarach / Bealach Overend)
- Acomhal Bhaile an Chnoic (Páirtchistiú)
- Trasrian coisithe Bhóthar Bhartúin Thoir

### An Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre

Feidhmíonn an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre seirbhís Maor Scoile a fhreastalaíonn ar na mílte leanbh a bhíonn ag freastal na scoile i gcaitheamh na dtéarmaí scoile agus is 75 mhaor a chuireann an tseirbhís ar fáil ar 69 láthair ar fud an Chontae. Is é an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre a fhostaíonn na maor, a chuireann faoi oiliúint iad agus a stiúran iad.

Cuireadh cúrsa oiliúna agus tástála rothaíochta ar fáil do na bunscoileanna go léir sa Chontae. Ritheadh na cúrsaí oiliúna in 35 scoil in 2013 agus bronnadh teastais i gcumas rothaíochta ar 1,467 ndalta.

Rinne an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre oibreacha innealtóireachta le hais 16 scoil sa Chontae.

Suiteáladh trasrianta agus áiseanna feabhsaithe do choisithe dá ngabhann mallachar amhairc agus gluaiseachta. Suiteáladh comharthaí foláirimh luais i limistéir inar saincheist aitheanta an luas. Feabhsaíodh an bonneagar i limistéir arb eol timpistí a bheith ag tarlú iontu.

Níl na staitisticí imbhualtí ón ÚBN ar fáil fós don bhliain 2013, maidir le himbhualtí marfacha agus maidir le himbhualtí inar tharla gortú tromchúiseach. Cuireadh in iúl don Chomhairle, áfach, gur tharla trí bhás agus thart ar ocht ngortú thromchúiseacha ar na bóithre I limistéar riaracháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Bhí páirt ghníomhach ag an gComhairle i bPleananna Forfheidhmithe an Gharda Síochána chun an líon Taismí a íslú; bhí na feachtais ar siúl san Aibreán/Bealtaine agus i nDeireadh Fómhair/Samhain. Díríodh ar choisithe agus ar rothaithe sna feachtais sin.

### Áirítear iad seo a leanas leis na hoibreacha eile a rinneadh:

Socraíodh ceithre láthair d’Fheithiclí Go Safe (Veaineanna Ceamara) feadh an N11 ar láithreacha straitéiseacha arna n-aontú leis an nGarda Síochána.

Ullmhaíodh léarscáileanna na mbealaí chun na scoile do Choisithe agus do Rothaithe le haghaidh Scoileanna Oatlands i Stigh Lorgan agus le haghaidh Scoileanna Loreto agus Phádraig agus Haróid i nDeilginis.

### An tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013

Bhronn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, gradam faoin teideal ‘Réaltaí le Sábháilteacht ar Bhóithre’ ar Shéamus Storan, an tOifigeach um Sábháilteacht ar Bhóithre atá ag an gComhairle. Bronnadh an gradam as na hiarrachtaí a dhéanann Séamus chun cur le sábháilteacht na n-úsáideoirí bóthair sa Chontae trí fheachtais oideachais agus feasachta faoi shábháilteacht ar bhóithre.

**Thíos:** An Gradam, ‘Réaltaí le Sábháilteacht ar Bhóithre’ bronnta ar Shéamus Storan



### Feachtais Oideachais i rith 2013

Cuireadh an clár seo a leanas i gcrích i dteannta Phlean Forfheidhmithe an Gharda Síochána chun an líon Taismí a íslú a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair / Samhain i scoileanna agus in ollscoileanna áitiúla agus bhí tacaíocht aige ón Údarás Náisiúnta Iompair, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, AXA agus An Garda Síochána, Seirbhísí Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus Seirbhís Otharcharranna FSS.

### Sceideal na bhFeachtais um Shábháilteacht ar Bhóithre

08/05/13 - Grianghraif ag Scoil Náisiúnta Chill na Gráinsí: Seachtain na Rothar agus Rothaíocht níos Sábháilte

16/05/13 -UCD agus Trucail Toner - Éadaí sofheicthe tugtha amach in aisce agus spotaí caocha ar thrucail

16/05/13 - Grianghraif de rothaithe ar an raon rothar nua glan a críochnaíodh i Stigh Lorgan.

29/05/13 - Lá Eolais don Phobal le ÚSB agus an Garda Síochána i Halla an Chontae.

31/05/13 - Seiceálacha luais leis an nGarda Síochána agus le DLR ar na Príomhbhóithre ar fud an Chontae.

13/09/13 - Cliste ar Bóthar le ÚSB, Scoil Mhuire, Seanchill.

01/10/13 - Seoladh an Chomórtais Ealaíne do Leanaí: SRE.

01/10/13 - Éadaí sofheicthe tugtha amach ar Bhóthar na Carraige d’úsáideoirí bóthair leochaileacha.

03-11/10/13 - Obair Bhaile do Thiománaithe le DLR agus an Garda Síochána i Scoil Bhríde, Cábán tSíle (feachtas 6 lá).

04/10/13 - UCD - Sábháilteacht ar Bhóithre, Ionsamhlúchán ar Thimpiste Cairr.

14-15/10/13 - Seó Bóthair ar Shábháilteacht ar Bhóithre le DLR/AXA.

14/11/13 -UCD agus Trucail Toner - Éadaí sofheicthe tugtha amach in aisce agus spotaí caocha ar thrucail.

18/11/13 - Éadaí sofheicthe tugtha amach ar Bhóthar na Carraige d’úsáideoirí bóthair leochaileacha.

12/12/13 - An Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta - Ionsamhlúchán ar Thimpiste Cairr agus Comhla Rothlach agus Éadaí sofheicthe in aisce ó ÚSB.

17/12/13 - Bronnadh Duaiseanna Chomórtas Ealaíne na Leanaí.

20/12/13 - Éadaí sofheicthe tugtha in aisce do bhaill foirne na Comhairle agus do dhaoine as an bpobal a bhí sna hoifigí.

### An Seó Bóthair, Bí Sábháilte ar Bóthar, le DLR/AXA

D’fhreastail tuairim is 2,300 dalta ar Sheó Bóthair DLR/AXA na bliana seo, Bí Sábháilte ar Bóthar, a bhí ar siúl in Óstán Royal Marine ar an 14 agus 15 Deireadh Fómhair 2013. Ba é cuspóir an tseó bóthair spreagadh a thabhairt do thiománaithe óga agus do dhaoine a raibh sé i gceist acu tosú ag tiomáint a bheith níos freagraí ó thaobh a n-iompair féin de agus iad ag tiomáint. Léiríodh na hiarmhairtí faoi mar a d’fhéadfadh siad a bheith dá dteipfeadh orthu sin a dhéanamh os a gcomhair go ríshoiléir

agus in íomhánna sa chur i láthair a rinneadh le linn an tseó bóthair. B'fhacthas go ndeachaigh an seó i gcion go mór ar gach duine agus bhí sé molta go maith ag gach a raibh i láthair.

### Lonsamhlúchán ar Thimpiste Feithicle

D'eagraigh na Gardaí i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus le tacaíocht ó na Seirbhísí Éigeandála ionsamhlúchán ar thimpiste feithicle in am fíorúil ag UCD agus ag an Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta araon. Aithris gan bhréag a bhí ann a bhí dírithe ar na contúirtí a bhaineann le bheith ag úsáid an fhóin phóca, ag déanamh iomarca luais agus ag tiomáint faoi thionchar an óil a chur ar a súile do mhic léinn.

Rinneadh dul chun cinn ar na Scéimeanna faoi Cheadú i bPrionsabal seo a leanas as acmhainní Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin féin:

- Bóthar Bhaile Sheáin - dul chun cinn déanta ar chosán ceangail nua agus ar thrasrian coisithe
- Crios Sábháilteachta Ascaill Scoil Loreto - Cuid 1
- Crois Lamb - Tuarascáil ar Fheabhsú an Acomhail

### Taisteal Inbhuanaithe

Tionscnaimh don taisteal inbhuanaithe agus don rothaíocht sa Chontae curtha chun cinn agus Bonneagar don Taisteal

Inbhuanaithe curtha i gcrích i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RTTS), leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le gníomhaireachtaí eile.

### Oifigeach Rothaíochta ceaptha do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

I dteagmháil le Rannóga éagsúla sa Chomhairle chun Prionsabail don Taisteal Níos Cliste agus don Dearadh Rothar a fhorbairt, a chur i ngníomh agus a chur i bhfeidhm i mBeartas DLR tríd an bpróiseas forbartha/bainistíochta agus trí na CBSanna agus na Coistí Limistéir.

Áiríodh iad seo a leanas leis na himeachtaí poiblí a bhí ar bun le linn Sheachtain na Rothar - Rothaíocht don Chlann i nGráinseach an Déin (Páirc Chluain Caoin agus Páirc Chill Bheagóige), lá eolais 'Deisigh do Rothar' agus Rothaíocht don Chlann i bPáirc Sheangánaí. Ghlac an Chomhairle páirt freisin i nDúshlán an Pheidiméadair de chuid an ÚNI agus sna Dúshláin Rothaíochta.

### Foilsíodh bileog rothaíochta le haghaidh Bhealach Rothaíochta Bhaile Uí Lachnáin.

Taisteal inbhuanaithe curtha chun cinn i scoileanna ar fud an Chontae trí Chomórtas Ealaíne agus trí fheachtais phóstaer a eagrú agus cuireadh 1,500 dalta i mbunscoileanna faoi oiliúint faoin rothaíocht.

**Thíos:** lonsamhlúchán ar Thimpiste Feithicle - Sábháilteacht ar Bhóithre



Oibríodh go dlúth le UCD, i gcomhar leis an ÚNI chun tionscnaimh Taistil níos Cliste agus bonneagair a bhunú ar fud an champais.

Leanadh den chlár feistithe seastán rothar i láithreacha poiblí agus in áiteanna ina stopann córais iompair phoiblí agus feistíodh os cionn 300 seastán in 2013.

Áiríodh an méid seo a leanas leis na hoibreacha eile a rinne an Rannán Tráchtá, Sábháilteachta ar Bhóithre agus an Taistil Inbhuanaithe:

Suiteáladh comharthaí Faisnéise Fíor-ama do Phaisinéirí i gcomhar le Bus Átha Cliath agus cuireadh ag obair iad ar 4 láthair ar fud an Chontae agus tá siad feistithe ar 50 láthair san iomlán anois.

Dhéileáil an Rannán Tráchtá le 348 n-iarraidh ar mharcanna agus ar chomharthaí nua bóthair mar chuid den phróiseas a bhí ar siúl ag an nGrúpa Comhairleach Tráchtá i gcomhairle le rannán Tráchtá an Gharda Síochána a scrúdaíonn gach iarraidh a bhaineann le comharthaí agus le línte reachtúla bóthair;

Lean an Rannán Tráchtá air ag coinneáil na bpáirtithe leasmhara éagsúla agus daoine den phobal ar an eolas faoi oibreacha bóthair/faoi chur as do chúrsaí tráchtá leis na feasacháin sheachtainiúla faoi Nuacht na Tráchtá.

Sonraí Teagmhála

**Thíos:** Príomhscéim Draenála Sheangánaí/Bhré



Is féidir teagmháil a dhéanamh go díreach leis an Rannóg Tráchtá, Sábháilteachta ar Bhóithre agus an Taistil Inbhuanaithe ar [traffic@dlrcoco.ie](mailto:traffic@dlrcoco.ie) Teil 2054375, Facs 2802494. Tá uimhir theileafóin ar leith ann freisin chun fabhtanna ar shoilse tráchtá a thuairisciú – 01 2302041.

### **Tosaíochtaí Straitéiseacha:**

Áirítear iad seo a leanas le feabhsúcháin a rinneadh sa bhliain 2013:

I mí Feabhra 2013, tugadh isteach conraitheoir nua chun na rialacháin pháirceála a fhorfheidhmiú.

Cuireadh le Bainistiú an Chaidrimh le Custaiméirí agus leanadh le feistiú céimneach na meaisíní íocaíochtaí páirceála ina n-íoctar le cárta creidmheasa.

Tugadh isteach an Chlib Pháirceála (ioc as an bpáirceáil le glaoch teileafóin).

## Seirbhísí Uisce agus Dramhaíola

Soláthraíonn an Rannán Seirbhísí Uisce agus Dramhaíola raon seirbhísí riachtanacha agus is í atá freagrach as soláthar, cothabháil agus bainistíocht an tsoláthair uisce phoiblí agus na gcóras draenála ar fud an Chontae agus is í atá freagrach freisin as bainistíocht agus forfheidhmiú na bhforálacha dramhaíola.

### Seirbhísí Uisce

Tá soláthar uisce atá leordhóthanach, go maith agus ar féidir brath air ar cheann de na seirbhísí is tábhachtaí a sholáthraíonn údarás áitiúil. Gabhann os cionn 1,000 km de phríomhlíonra, mar aon le taiscumair, stáisiúin chaidéalúcháin agus oibreacha cóireála leis an gcóras soláthar uisce atá i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cumhdaítear ceann de na líonraí is sine in Éirinn i limistéar feidhme na Comhairle: seanlíonra is ea go leor den líonra – leagadh 8% de roimh 1900 agus 40% roimh 1960. Fágann sin go mbíonn ardleibhéal cothabhála agus deisiúcháin le déanamh air a ardaíonn an costas oibre. San am céanna, is ar éigean a gheofaí uisce dá cháilíocht in aon áit sa tír agus seoltar torthaí na dtástálacha a dhéantar ar cháilíocht an uisce go rialta ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Bailítear an t-uisce bréan i líonra píopaí agus cóireáiltear é sna hIonaid Chóireála Dramhuisce i Seangánach agus sa Rinn. Bailítear an t-uisce dromchla agus scaoiltear isteach sna haibhneacha sa chomharsanacht nó san fharráige é.

### Tionscadail

Sa bhliain 2013, ba 29% ar an meán an céatadán den mhéid uisce a bhí ag sceitheadh sa Chontae. Leanadh d'athshlánú na bpríomhlíonraí uisce faoi Thionscadal Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath ar a ndéanann an RCPRA páirtchistiú. Rinneadh dul chun cinn san obair athshlánaithe sna limistéir seo – An Charraig Dhubh, Deilginis, Cill Iníon Léinín, Dún Laoghaire, Baile na nGabhar, Reabóg, Cnoc Mhuirfean, an tÁth Leathan, Ardach, Gráinseach an Déin, Carraig Bhraonáin, An Naigín, Baile na Manach, Gleann na gCaorach, Ascaill Foster agus Cuas an Ghainimh – ó tosaíodh ar an tionscadal sa bhliain 2008.

Forfheidhmíonn an Rannán um Rialú ar Thruailliú Uisce an tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (arna leasú 1990), agus déanann sé faireachán ar an gcáilíocht uisce in aibhneacha an Chontae trí chóras forleathan samplála agus anailísithe. Tá an Clár Beart maidir le Ceantar Abhantraí an Oirthir glactha ag an gComhairle. Ceapadh na bearta seo chun an cháilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú go dtí an stádas comhshaoil 'maith' arna shainmhíniú faoin gCreat-treoir Uisce. Go dtí seo táthar tar éis os cionn 360 ceadúnas chun eisilteach a scardadh i gCóras séarach na Comhairle a eisiúint chuig gnóthais sa Chontae. Is ceadúnais maidir le Saille, Olaí agus Gréisc (SOG) a scardadh iad 300 ceadúnas de na ceadúnais sin a eisíodh chuig Bunachais Seirbhíse Bia.

Tá bailchríoch curtha anois ar an staidéar ar fho-dhobharcheantar Áth an Ghainimh / Stigh Lorgan agus táthar ag dul chun cinn leis an obair dhearaidh agus thógála a bhaineann le go leor de na bearta tábhachtacha feabhsúcháin a moladh.

## Bainistíocht Dramhaíola

### An tAonad Forfheidhmithe

Soláthraíonn an tAonad Forfheidhmithe eolas i dtaobh na réimsí seo a leanas agus déanann sé gníomhartha faireacháin agus forfheidhmithe maidir leo - (a) bainistíocht dramhaíola (b) truailliú an aeir agus (c) truailliú ó thorann.

Áiríodh iad seo a leanas le réimsí na ngníomhaíochtaí tosaíochta do 2013:

- Táirgeoirí agus Bailitheoirí Dramhbhia
- Bailitheoirí Dramhaíola Neamhúdaraithe
- Tionscnaimh i ndáil le Comhlíonadh ag Táirgeoirí: Pacáistiú Dramhaíola; Feithiclí a bhfuil a Ré Cainte; Boinn
- Truailléain Aeir a bhogann thar Teorainn: Comhdhúile Orgánacha Soghalaithé/Úsáid Tuaslagóirí san earnáil Tirimghlantacháin agus san earnáil Deisithe Feithiclí Tuairte mar aon le hAstuithe Gal Pheitriliam.
- Breoslaí Soladacha (Gual biotúmanach)
- Tacaíocht don tionscadal um Chosaint na dTailte Arda agus na dTimpeallachtaí Tuaithe (P.U.R.E.).

## Gnó Glas

### Gradaim EnviroCom 2013

Ba iad An Cathaoirleach, an Comhairleoir Carrie Smyth, agus an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, An tUas. Eamon Gilmore, T.D., i bpáirt, a bhronn Gradaim EnviroCom, 16 Deireadh Fómhair 2013. Tá bronnadh na ngradam ar an bhfód anois le seacht mbliana agus tá cáil bainte amach ag na Gradaim a bhíonn á gcur i láthair ag Comhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i dteannta a chéile as an bhfeabhas i gcúrsaí comhshaoil agus nuálaíochta in eagraíochtaí atá ag feidhmiú sa Chontae a thabhairt le fios don saol mór.

Ba í an tOifigeach Gnó Glas ionadaí na Comhairle ar phainéal moltóirí agus ar choiste eagraithe na nGradam. Bhí earnálacha chomh héagsúil leis na hearnálacha miondíola, cumarsáide, iompair, earnálacha na gclubanna spóirt agus na comhairleachta i measc na mbuaiteoirí mar aon le hearnálacha nach bhfostaíonn ach an beagán go corparáidí a fhostaíonn na sluaite. Bhí siad seo a leanas ina n-urraitheoirí ar na Gradaim chomh maith leis an gComhairle - Mainstream Renewable Power, WEEE Ireland, Amgen, Údarás Fuinnimh Inmharthana na Héireann, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Carranna Leictreacha BSL agus Innealtóirí Comhairleacha RPS. Ba iad an Grúpa Nuachtán, The Dublin People, an comhpháirtí ó na meáin.

Clár tacaíochta comhshaoil agus deimhnithe trí bliana do ghnóthais is ea an Clár Ecocert chun go bhféadfaí spáráil a dhéanamh i mbainistíocht dramhaíola, uisce agus fuinnimh. Comhpháirtíocht atá ann idir Econcertive, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus ceithre údarás áitiúla lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Áirítear cuideachtaí sna hearnálacha miondíola, cógaisíochta, airgeadais agus oideachais leis na rannpháirtithe. Baineann

roinnt díobh úsáid as an gClár Ecocert chun a slabhra soláthair a ghlású agus tá cistiú ÚFIÉ faighte ag roinnt eile faoin scéim Deontas, Pobal Fuinnimh Níos Fearr, as obair a rinne siad in 2013 le bheith níos tiosaí ar fhuinneamh mar go mbreathnaítear ar bhaill an chláir mar phobal atá incháilithe do thacaíocht deontais ó ÚFIÉ.

Eagraíodh 9 Lá Bailithe Dramhthrealaimh Leictirigh agus Leictreonaigh (WEEE) sa Chontae in 2013 i gcomhar le WEEE Ireland ar mhaithe le dramhaíl WEEE a athchúrsáil. Tharla na bailiúcháin seo i gcarrchlóis éagsúla agus tógadh 114 thonna ábhar WEEE san iomlán agus b'ionann an meáchan sin agus meáchan 5,205 teilifíseán! Bhí Tionscnamh Athchúrsála Phobal Chluain Dolcáin fostaithe ag Bainistíocht Eastáit chun dul ó dhoras go doras chun ábhar a bhailiú ó thionóntaí de réir mar ba ghá. D'fhág na bailiúcháin seo a rinneadh ó dhoras go doras gur athchúrsáladh 87.1 tonna eile d'ábhar WEEE sa Chontae le cois gach ar thug cónaitheoirí chomh fada le Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.

## Ionaid Athchúrsála

### Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin

Ba 7,512 thonna an tonnáiste ábhair in-athchúrsáilte a tarraingíodh chuig Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin in 2013.

Bíonn araidí múirín agus bairillí uisce ar díol i bPáirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin. Díoladh 89 nAraid Mhúirín agus 193 Bhairille in 2013.

### Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin

Tarraingíodh 356 thonna ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin in 2013.

### Ionad Athchúrsála Sheangánaí

Tarraingíodh 225 thonna ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Sheangánaí in 2013.

### Ionaid 'Fág Anseo'

38 n-ionad atá ag an gComhairle. Tugadh 2,123 thonna san iomlán d'ábhar in-athchúrsáilte chuig na hionaid i rith na bliana.

## SCEIDEAL 1 - 2013

<b>Saoráidí Cláraithe/Ceadanna Eisithe</b>	
Forfheidhmiú na bhForálacha Dramhaíola maidir leis na Ceadúnais Dramhuisce	846 331
<b>Cigireacht</b>	
Forfheidhmiú na bhForálacha Dramhaíola maidir le hUisce agus le Dramhuisce	1,013 11,500
<b>Gearáin a fuarthas</b>	
Forfheidhmiú na bhForálacha Dramhaíola maidir le hUisce agus le Dramhuisce	223 2,117
<b>Gníomhartha Forfheidhmithe</b>	
Forfheidhmiú na bhForálacha Dramhaíola maidir le hUisce agus le Dramhuisce	46 21



# Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2013

---

# An Clár Comhardaithe don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2013

## An Clár Comhardaithe mar a bhí an 31ú Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
<b>Seasta</b>	1		
Oibríocht		1,290,306,244	1,291,967,405
Bonneagar		1,982,599,077	1,981,102,131
Pobal		49,410,418	44,958,006
Neamhoibríocht		97,448,425	97,448,425
		3,419,764,164	3,415,475,967
<b>Obair Idir Lámha agus Réamhchostais</b>	2	<b>193,538,248</b>	<b>179,011,379</b>
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	3	<b>128,585,918</b>	<b>142,727,957</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoc	4	775,456	772,179
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	27,180,119	27,691,069
Infheistíochtaí Baint		129,561,257	142,933,141
Airgead sa Bhanc		149,672	11,082,925
Airgead faoi Bhealach		1,062,725	1,350,652
		158,729,229	183,829,966
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6	58,530,063	58,969,362
Cuntas Uirbeach	7	-	-
Léasanna Airgeadais		-	-
		<b>58,530,063</b>	<b>58,969,362</b>
<b>Glansócmhainní / Dlíteanais Reatha</b>		<b>100,199,166</b>	<b>124,860,604</b>
<b>Creidiúnaithe (Suimeanna níos mó ná bliain amháin)</b>			
Iasachtaí Iníoctha	8	147,477,389	163,457,311
Léasanna Airgeadais		-	-
Éarlaisí In-Aisíoctha	9	6,197,237	5,554,931
Eile		40,936,147	51,525,124
		<b>194,610,773</b>	<b>220,537,366</b>
<b>Glansócmhainní / Dlíteanais</b>		<b>3,647,476,723</b>	<b>3,641,538,541</b>
<b>Léirithe ag</b>			
Cuntas Caipitlithe	10	3,419,764,164	3,415,475,967
Ioncam ar Obair Idir Lámha	2	151,716,444	154,916,365
Cúlchiste Ioncaim Shonraigh		18,452,967	18,452,967
Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta		9,648,543	9,601,934
Iarmhéideanna Eile	11	47,894,605	43,091,309
<b>Iomlán Cúlchistí</b>		<b>3,647,476,723</b>	<b>3,641,538,542</b>

# Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2013

Tugtar an t-ioncam agus an caiteachas go léir a bhaineann le hioncam le chéile i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais. Taispeántar an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain ann.

		Ollchaiteachas 2013	Income 2013	Net Expenditure 2013	Net Expenditure 2012
Caiteachas de réir Rannáin	Nóta	€	€	€	€
Tithíocht agus tógáil		26,822,063	24,735,857	2,086,206	2,100,138
Iompar agus sábháilteacht ar bhóithre		26,178,197	11,256,996	14,921,201	15,019,764
Seirbhísí uisce		33,625,564	10,992,396	22,633,168	22,903,622
Bainistíocht forbartha		11,367,610	1,982,056	9,385,554	9,942,104
Seirbhísí comhshaoil		26,892,928	7,296,003	19,596,925	20,893,492
Áineas agus conláiste		23,548,733	3,731,151	19,817,582	19,488,192
Talmhaíocht, oideachas, sláinte agus leas		2,552,923	1,790,010	762,913	784,235
Seirbhísí ilghnéitheacha		16,598,308	6,289,149	10,309,159	13,736,999
Táillí na bainistíochta láir		-	-	-	-
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	16-17	167,586,325	68,073,618		
Glanchostas na Rannán le cistiú as					
Rátaí agus Ciste Rialtais Áitiúil				99,512,708	104,868,547
Rátaí				83,345,888	86,392,172
Asbhaint bainteach le Pinsean				2,765,408	2,813,189
Ciste Rialtais Áitiúil / deontas uile-chuspóra				24,644,977	25,311,824
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimhe				11,243,564	9,648,638
Aistriú ó/(go) Cúlchistí	15			(11,196,955)	(9,547,168)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain roimhe				46,609	101,470
An Cúlchiste Ginearálta an 1ú Eanáir				9,601,934	9,500,464
An Cúlchiste Ginearálta an 31ú Nollaig				9,648,543	9,601,934

# Táscairí Seirbhíse 2013

## Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Táscairí Seirbhíse: 01/01/13 - 31/12/13

### F: FIRE SERVICE

#### F. AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN

A. An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
B. An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar coinneáil) a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
C. An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a bheith réitithe i gcomhair na dteagmhais éigeandála eile go léir	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
D. An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar coinneáil) a bheith réitithe i gcomhair na dteagmhais éigeandála eile go léir	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.

#### F.2 An céatadán cásanna agus an t-achar a thóg sé ar bhriogáid a bheith i láthair ar láithreacha

A. An céatadán cásanna dóiteáin ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
B. An céatadán cásanna dóiteáin ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
C. An céatadán cásanna dóiteáin ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
D. An céatadán cásanna i ndáil leis na teagmhais éigeandála eile go léir ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
E. An céatadán cásanna i ndáil leis na teagmhais éigeandála eile go léir ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.
F. An céatadán cásanna i ndáil leis na teagmhais éigeandála eile go léir ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath.

#### F.3 Fire Prevention

A. An líon iomlán iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas	163
B. An líon iomlán iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a próiseáladh (lena n-áirítear cásanna a measadh nár chásanna bailí iad)	159
C. An líon iomlán iarratas a measadh nár chásanna bailí iad	12

**CP: RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL****CP.1 Rannpháirtíocht i Scéim Áitiúil Chomhairle na nÓg**

An céatadán scoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	<b>55.88</b>
An líon iomlán scoileanna áitiúla agus grúpaí óige	<b>34</b>
An líon scoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	<b>19</b>

**CP.2 Grúpaí Cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach**

An líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	<b>402</b>
--	------------

**C. SAINCHEISTEANNA CORPARÁIDEACHA****C.1 Laethanta Oibre Caillte de bharr Breoiteachta**

